



An Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta

# Tuarascáil Bhliantúil 2013





# Clár Ábhar

|                                                                              |    |
|------------------------------------------------------------------------------|----|
| An NDFA - Ról agus Feidhmeanna                                               | 4  |
| Forbhreathnú Ar 2013                                                         | 6  |
| Cistiú Fiach Bonneagair                                                      | 10 |
| Dul Chun Cinn ar Thioncadail ina Bhfeidhmíonn an NDFA:                       |    |
| Mar Údarás Soláthair, Comhairleoir Airgeadais agus mar Bhainisteoir Conartha | 12 |
| Mar Chomhairleoir Airgeadais                                                 | 22 |
| Rialachas                                                                    | 29 |
| Aguisíní                                                                     |    |
| Liosta na nÚdarás Stáit                                                      | 31 |
| Ráitis Airgeadais                                                            | 32 |



**Gníomhaireacht Náisiúnta  
d'Fhorbairt Airgeadais**  
**National Development  
Finance Agency**

27 Meitheamh 2014

An tUas. Michael Noonan  
Aire Airgeadais  
Tithe an Rialtais  
Sráid Mhuirfean Uachtar  
Baile Átha Cliath 2

A Aire,

Tá d'onóir agam Tuairisc agus Cuntais na Gníomhaireachta Náisiúnta d'Fhorbairt Airgeadais don bhliain ón 1 Eanáir 2013 go dtí an 31 Nollaig 2013 a leagan isteach chugat.

Mise le meas,

John C. Corrigan  
Cathaoirleach

Foirgneamh an Chisteáin, Sráid na Canálach Móire, Baile Átha Cliath 2, Éire  
Guthán 353 1 664 0800 Facs 353 1 676 6582  
Riomhphost [info@ndfa.ie](mailto:info@ndfa.ie) Suiomh Gréasáin [www.ndfa.ie](http://www.ndfa.ie)

Treasury Building Grand Canal Street, Dublin 2, Ireland  
Telephone 353 1 664 0800 Facsimile 353 1 676 6582  
Email [info@ndfa.ie](mailto:info@ndfa.ie) Web [www.ndfa.ie](http://www.ndfa.ie)

# Baill Den Bhord



**John Corrigan**

Cathaoirleach  
Príomhfheidhmeannach,  
Gníomhaireacht Bainistíochta an  
Chisteáin Náisiúnta



**Brian Murphy**

Príomhoifigeach Feidhmiúcháin  
Stiúrthóir, Gníomhaireacht  
Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta



**Gerry Murray**

Príomhoifigeach Feidhmiúcháin,  
Institiúid Teicneolaíochta na  
hÉireann



**Petrina Smyth**

Comhpháirtí Cánach,  
Dlíghnólacht Walkers Ireland



**Robert Watt**

Ard-Rúnaí na Roinne Caiteachais  
Phoiblí agus Athchóirithe

\* Thionóil an Bord cúig huaire le linn 2013.

# An Ghníomhaireacht Airgeadais D'fhorbairt Náisiúnta - Ról Agus Feidhmeanna

Bunaíodh an Ghníomhaireacht Airgeadais d'fhorbairt Náisiúnta (an NDFA) an 1 Eanáir 2003 i gcomhréir leis an Acht um Ghníomhaireacht Airgeadais d'fhorbairt Náisiúnta, 2002 chun seirbhís reachtúil a sholáthar d'Údarás Stáit maidir le tionscadail chaipitiúla os cionn méid áirithe – €20 milliún faoi láthair – faoi na treoirlínte a d'eisigh an tAire Airgeadais. Ní mór gach tionscadal atá á soláthar trí Chomhpháirtíochtaí Príobháideacha Poiblí (CPPanna) a chur ar aghaidh chuig an NDFA le comhairle a fháil orthu, beag beann ar a méid. Cuireann an NDFA a bhfeidhmeanna i gcrích trí Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (an NTMA).

Sular bunaíodh an NDFA, ní raibh aon saineolas seanbhunaithe inti ar airgeadas tionscadal ar fáil don rialtas. Ina ionad sin, thugtaí grúpaí comhairleacha agus saineolaithe eile le chéile chun comhairle a chur ar fáil ar tionscadail aonair. Nuair a chríochnaítí gach tionscadal, chuirte deireadh leis an bhfoireann tionscadail agus chaillte an corpas eolais agus an saineolas taobh istigh den tseirbhís phoiblí, nach mór.

D'fhoilsigh an Rialtas a gcinneadh le "Ionad Saineolais" a bhunú laistigh den NDFA in Iúil 2005. Rinne an tAcht um an NDFA (Leasú), 2007, leathnú suntasach ar ról na Gníomhaireachta chun soláthar iarbhair na dtionscadal caipitil poiblí CPP go léir a chuimsiú, seachas tionscadail iompair, atá á soláthar cheana féin i sainorduithe na nÚdarás Stáit iompair ábhartha agus na nÚdarás Áitiúil. Lamhálann foráil a rinneadh laistigh den Acht um Bhord Oideachais agus Oiliúna 2013 an NDFA chun tionscadail oideachais dhíreacha á maoiniú ag an státchiste a fháil ar son na Roinne Oideachais agus Scileanna. I mí Dheireadh Fómhair 2012, arna iarraidh ag an Roinn Oideachais agus Scileanna, ghlac an NDFA cúram ar bhainistíocht conartha CPP na n-oibríochtaí agus na cothabhála ar 15 scoil CPP i bhfeidhm.

Cuireann an tsamhail airgeadais, soláthair agus seachadta tionscadail comhtháite bunaithe laistigh den NDFA ar chumas na Gníomhaireachta cur chuige tráchtála aontaithe a chruthú i leith soláthair agus bainistíocht tionscadail de thionscadail earnála poiblí nua, CPPanna san áireamh.

Is é líon iomlán na foirne san NDFA caoga a dó duine faoi láthair. Fostaithe den NTMA iad gach duine d'fhoireann an NDFA.

I measc na bpríomhsheirbhísí a sholáthraíonn an NDFA go hÚdarás Stáit tá an méid seo a leanas:

## 1. Seirbhís Chomhairleach Airgeadais

- comhairle airgeadais, ar rioscaí agus ar árachas
- ullmhúchán ar Thagarmharcanna na hEarnála Poiblí (PSB), (is costáil chuimsitheach a dhéantar a choigeartú de réir riosca, lánsaoil é an PSB atá faoi choinníollacha traidisiúnta soláthair, léirithe mar fhigiúr airgeadaíoch amháin)
- seiceálacha um chomhlíonadh tairiscintí
- seiceálacha um stóinseacht airgeadais mar chuid de réamhcháiliú tairiscintí
- measúnú ar stóinseacht phraghsála agus gnéithe airgeadais na dtairiscintí
- measúnuithe ar Luach ar Airgead
- idirchaidreamh, idirbheartaíocht agus socrú cistithe féich ilghnéithe ó ghníomhaireachtaí iltaobhacha, e.g. EIB agus CEB
- seiceáil ar ríomh innéacsaithe praghais déanta laistigh de struchtúir íocaíochta bliantúla CPP
- comhairle ilghnéitheach d'Údarás Stáit maidir le cúrsaí airgeadais i gcomhcheangal le hinfheistíochtaí caipitil poiblí



## 2. CPP agus Seachadadh Traidisiúnta Tionscadail

- ceangaltais úsáideoir deiridh agus costais ionchuir PSB a chomhordanáidiú
- ullmhú na ndoiciméad tairiscintí agus conarthaí
- bainistiú phróiseas na tógála i seilbh phoiblí
- seiceáil ar chomhlíonadh agus measúnú ar thairiscintí
- roghnú na dtairiscintí tosaíochta agus rathúla
- idirbheartaíocht chonartha agus próisis an bhronnta
- síniú conarthaí CPP ar son Údarás Stáit
- monatóireacht dhíreach a dhéanamh ar thógáil na dtionscadal agus an Conradh a riar mar Ionadaí Cliant/Údarás go dtí gcríochnófar an tógáil
- an saoráid chríochnaithe a thabhairt ar ais don Údarás Stáit thar idirthréimhse céimneach

## 3. Riarachán Conartha CPP (Tréimhse Sheirbhísí)

- Bainistíocht iar-aistriú ar chonarthaí CPP Scoileanna (An Chéad agus an Dara Beart Scoileanna Píolótacha CPP) ar son na Roinne Oideachais agus Scileanna
- sonraisc mhíosúla ó chomhlachtaí CPP a sheiceáil agus asbheirthe/pionóis a mheasúnú
- Iniúchtaí tréimhsiúla ar chórais ghnó chomhlachtaí CPP
- athbhreithniú ar chuntais bhliantúla chomhlachtaí CPP
- idirchaidreamh le foirne bainistíochta scoile agus leis an Roinn Oideachais agus Scileanna maidir le feidhmíocht na gconarthaí CPP
- comhaontú ar chláir cothaithe bliantúla agus pleananna seachadta seirbhíse (d'fhoillí riachtanais chonartha a chomhlíonadh)

Agus a ndualgais á gcur i gcrích, ceanglaítear ar an NDFA aird chuí a thabhairt ar an treoir agus ar na treoracha a eisíonn an tAire Airgeadais maidir le maoiniú agus soláthar tionscadail infheistíochta phoiblí, go háirithe na *Treoirlínte d'Údarás Stáit maidir leis an nGníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta (2007)*, na *Treoirlínte maidir le Measúnú agus Bainistíocht Tograí Caiteachais Chaipitil san Earnáil Phoiblí (2005)*, an *Creatbheartas Náisiúnta Soláthair (2005)*, na *Treoirlínte maidir le Soláthar Bonneagair agus Infheistíochtaí Caipitil trí Chomhpháirtíochtaí Poiblí Príobháideacha (2001)* agus conarthaí agus treoir ó Choiste Conarthaí Tógála an Rialtais.

### Athruithe Molta i Socraíochtaí Rialachais

I Meitheamh 2013 d'fhógair an Rialtas moltaí reachtaíochta chun cuíchóiriú a dhéanamh ar rialachas corparáideach an NTMA agus a ghníomhaireachtaí gaolmhara. Baineann siad seo le bunú Bord NTMA a bheadh freagrach don Aire Airgeadais agus discaoileadh Choiste Comhairleach an NTMA, Choiste Polasaí na Gníomhaireachta um Éilimh ar an Stát, Choimisiún an NPRF agus Bhord an NDFA.

De réir na dtograí seo comhlíonfaidh an NTMA feidhmeanna an NDFA ar a chonlán féin. Agus an NTMA ag comhlíonadh feidhmeanna a raibh á gcomhlíonadh ag an NDFA roimhe seo tá sé beartaithe go ndéanfar é faoi ainm agus teideal céanna an NDFA.

Ar an 15 Bealtaine 2014 fógraíodh an reachtaíocht mholta d'fhoillí na socraíochtaí rialachais nua a chumasú.

Mar chuid den chlár chun Gníomhaireachtaí Stáit a chuíchóiriú, chinn an Rialtas feidhm sholáthair an NDFA a aistriú chuig an Seirbhís Bonneagair Iompair nua a bhunófar ó chumasc an Údarás um Bóithre Náisiúnta (NRA) agus na Gníomhaireachta um Fháil Iarnród (RPA). Tá Céim 1 den chlár seo anois ar bun.

# Forbhreathnú 2013

In 2013, ba é príomh-sprioc straitéiseach an NDFA cur chun cinn (a) an Chláir Spreagtha Bonneagair a d'fhógair an Rialtas in Iúil 2012 (tionscadail CPP cóiríocht agus bóithre) agus (b) seachadta na 23 tionscadal scoile faoin Tríú Beart CPP agus Clár Tógála Scoileanna Déabhlóidithe (ar son na Roinne Oideachais agus Scileanna).

Chuir na dúshláin airgeadais agus fhioscacha a bhí i ngeilleagar na hÉireann le roinnt blianta anuas tús le laghdú suntasach ar chaiteachas poiblí ar bhonneagar. In Iúil 2012, d'fhógair an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, Brendan Howlin, T.D., ar son an Rialtais gurbh ann do Chlár Spreagtha Bonneagair €2.25 billiún dírithe ar phoist agus ar bhorradh a chur chun cinn.

Cuirfidh an clár spreagtha seo infheistíocht ar fáil i réimse tionscadail thábhachtacha agus áirítear leis infheistíocht €1.4 billiún i CPP. Tá cistiú na CPPanna ag teacht ón mBanc Eorpach Infheistíochta, Cúlchiste Náisiúnta Pinsean na hÉireann (NPRF/ISIF), bainc intíre agus idirnáisiúnta, agus foinsí eile féideartha cistithe, ar nós cistí pinsin agus árachais, agus cuirtear an clár seo sa mhullach ar an gClár Caipitil Poiblí atá á chistiú ag an Státchiste.

Tá an infheistíocht bheartaithe CPP á díriú i dtreo tionscadal a chomhlíonann príomhriachtanais bhonneagracha agus atá ar aon dul leis na tosaíochtaí a shainaithnítear i gCreat Infheistíochta an Rialtais, a chuimsíonn oideachas, sláinte, ceartas agus iompar.

Laistigh den chlár spreagtha tá an NDFA freagrach as cúig chonradh CPP a sholáthar:

- An Ceathrú Beart Scoileanna CPP
- An Cúigiú Beart Scoileann CPP
- Campas DIT ag Gráinseach Ghormáin CPP (Cearnóga Thoir agus Láir)
- Ionad Cúram Príomhúil CPP
- Beart na gCúirteanna CPP

agus le chéile tá luach caipitil measta thart ar €650m acu. Tá an NRA freagrach as soláthar thionscadal na dtí bóthar CPP a áirítear sa chlár, de shuim thart ar €750m i luach caipitil. Gníomhaíonn an NDFA mar chomhairleoir airgeadais thar an gclár CPP go léir.

CPPanna bunaithe ar infhaighteacht a bheidh i ngach conradh agus braithfidh iocaíocht don Co. CPP ar sholáthar áiseanna agus seirbhísí ar chaighdeán sainaithinte le hasbheirthe airgeadais le tabhú mar gheall ar neamh-infhaighteacht agus teipeanna ar fheidhmíocht sheirbhíse.







## CLÁR SPREAGTHA BONNEAGAIR - NUASHONRÚ AR DHUL CHUN CINN

### Caidreamh réamh-thairisceana ag an NDFA le infheisteoirí poitéinsiúla

Ó thús sheoladh an chlár spreagtha tá tábhacht chun suim an infheisteora sa mhargadh CPP Éireannach a athshlánú aithinte ag an NDFA, go háirithe tar éis cealaithe roinnt comórtas tairiscintí CPP in 2010 agus 2011 mar thoradh ar an ngéarchéim airgeadais agus fhioscach. Bhí amhras intuigthe ar urraitheoirí tionscadail, ar infheisteoirí agus ar chonraitheoirí a d'íoc as costais na dtionscadal cealaithe agus iad ag tabhairt fúthu faoi athghabháil leis an tionscadal nua.

Ba réamhtheachtaithe tábhachtacha d'aon athghabháil inchreidte leis an margadh infheisteora CPP iad deireadh na bliana airgeadais a shroicheadh slán agus conarthaí sa tríú Beart Scoileanna tionscadal CPP (Samhain 2012) agus an tionscadal CPP N11/N7 (Aibreán 2013) a bhronnadh, ainneoin moilleanna a tharla de bharr na géarchéime fiosaí leanúnaí. I rith na tréimse seo stiúir an NDFA comhairliúcháin fhorleathana, oscailte le rannpháirtithe margaidh tábhachtacha lena n-áirítear urraitheoirí, infheisteoirí gnáthscaire idirnáisiúnta, lucht cistiúcháin, conraitheoirí agus proifisiúnaigh thionscail eile. Thug aiseolas ón bpróiseas seo eolas do roinnt tionscnamh polasaithe gníomhachtaithe a cuireadh san áireamh agus a aontaíodh ag an Rialtas, ag tabhairt bunúis don NDFA teachtaireacht ceangaltais dearfach agus muiníneach a sheachadadh le haghaidh seachadadh an chlár CPP nua.

Bhí an NDFA, i gcomhair le príomh-fhoilsiitheoir gnó idirnáisiúnta, ina óstach ar sheimineár i mBaile Átha Cliath i Márta 2013 a dhírigh ar dheiseanna agus ar dhúshlán a bhain le seachadadh agus maoiniú an chlár spreagtha CPP. Leathnaigh acmhainn na Gníomhaireachta i leith cur chun cinn an chlár nuair a reáchtáladh ócáid chosúil i Londain i Meán Fómhair 2013. Bhí áthas ar an nGníomhaireacht tacaíocht an Aire Stáit um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí agus Oifig na nOibreacha Poiblí a fháil don dá ócáid, le cumarsáid a dhéanamh le lucht na n-urraitheoirí idirnáisiúnta agus na n-infheisteoirí faoi thiomantas an Rialtais chun an chlár spreagtha a chur i bhfeidhm.

Cé gur tógadh suas an chéad chuid de 2013 le gníomhaíochtaí réamhsholáthair mar thacaíocht d'údarais urraithe, tá gach tionscadal laistigh den chlár spreagtha á soláthar agus tá seoladh an tionscadail is déanaí, Beart CPP na gCúirteanna, foilsithe san OJEU in Aibreán 2014. Bhí an rannpháirtíocht sna comórtas do na tionscadail chomh maith nó ní b'fhearr lena raibh an Gníomhaireacht ag súil leis agus d'éirigh leis an rannpháirtíocht ó infheisteoirí agus urraitheoirí idirnáisiúnta. Tá na próisis sholáthair ag dul ar aghaidh de réir mar a bhí beartaithe agus measfar gurb é sprioc chríoch airgeadais agus bhronnadh chonartha an chéad tionscadail an cheathrú dheiridh de 2014.

### Buaicphointí eile 2013 agus dul chun cinn thús 2014

In Aibreán 2013 bhain an tionscadal CPP N11/N7 (tionscadal bóthair an Inbhir Mhóir-Rath Naoi agus Uasbhealach Chrois an Fhearrainn Nua) críoch airgeadais amach. Ba é seo an chéad CPP iompair a síníodh ó 2007 agus léirigh sé go raibh ar chumas gníomhaireachtaí iompair Éireannacha maoiniú a chruinniú arís eile le haghaidh infheistíochta i mbonneagar iompair riachtanach. Gníomhaigh an NDFA mar chomhairleoirí airgeadais ar an tionscadal. Tá tógáil an CPP N11/N7 le críochnú in 2015.

Ag deireadh 2013 agus tús 2014 seachadadh na hocht scoileanna sa tríú Beart Scoileanna CPP ag an gcuibhreannas comhfhiontair BAM CPP agus soláthreoir pinsin Ollanaise PGGM Intrastructure Cooperatie de réir an chlár agus an bhuiséid cheadaithe.

Cuireadh maoiniú ar fáil don dá tionscadal ón mBanc Eorpach Infheistíochta (EIB) agus Banc na hÉireann, le saoráid creidmheasa teannta curtha ar fáil ag an gCúlchiste Náisiúnta Pinsean.

In Aibreán 2014 bhain an N17/N18 (tionscadail bóthair An Ghoirt-Tuaim) críoch airgeadais amach. Bronnadh an conradh ar chomhfhiontar a chuimsíonn John Sisk and Son (Gabhálaí), Lagan Construction Group, Roadbridgs agus Strabag AG, agus measfar go gcuirfear an tógáil i gcríoch in 2018. Is é seo an tionscadal CPP is mó maoinithe go dtí seo agus is é an chéad cheann sa chlár spreagtha le maoiniú fiachais infheisteora institiúideach. Tá maoiniú á chur ar fáil

ag an mBanc Infheistíochta Eorpach, Natixis, Banc na hÉireann, Société Générale agus árachóir Beilgeach Ageas.

Mar chuid de thionscnamh uile-chláir le Fiontraíocht Éireann, reáchtáladh sraith ócáid "Meet the Buyer" timpeall na tíre a thug an deis do ghnóthais bheaga agus mheánacha laistigh den rannóg tógála bualadh go díreach le ceannaitheoirí sinsearach laistigh den chlár bainistíochta NDFA. Bhí os cionn 200 comhlacht agus 400 ionadaí i láthair ag an ócáid is déanaí a reáchtáladh i bPort Laoise in Eanáir 2014. Ba ghné thábhachtach ag na hócáidí í "enterprise zone" le tacaíocht curtha ar fáil ó Bhoird Fhiontraíochta áitiúla agus contae agus ó Intreo (an tseirbhís fhostaíochta den Roinn Coimirce Sóisialaí). Reáchtálfar breis ócáidí i rith 2014/2015 i gcomhair leis an gclár spreagtha.

Tá an scéim phiolótach "Clásail Shóisialta do Phrintísigh agus do Dhaoine Dífhostaithe go Fadtéarmach" á bainistiú ag an NDFA laistigh den Chlár Scoileanna Déabhlóidithe. Tá spriocanna éigeantacha do ghníomhú daoine dífhostaithe go fadtéarmach agus do phrintísigh san áireamh sna clásail shóisialta seo, atá le cur san áireamh laistigh de na tionscadail CPP.

Le 18 mí anuas tá seirbhísí comhairliúcháin airgeadais curtha ar fáil ag an NDFA d'údaráis Stáit áirithe ar thionscadail CPP agus neamh-CPP sna rannóga iompair, cirt, sláinte, dramhaíola agus tithíochta. Leanann an NDFA ar aghaidh ag cur seirbhísí riaracháin conartha ar fáil don Roinn Oideachais agus Scileanna ar thionscadail CPP Scoileanna atá ag feidhmiú.

### Athbhreithniú Caipitil 2015-2020

Chuir an Rialtas tús le hAthbhreithniú Caipitil in Aibreán 2014 agus socrófar creat caipitil ilbhliantúla san Fhómhar. Cabhróidh an tAthbhreithniú, atá á threorú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, príomh-thosaíochtaí agus méid an infheistíochta caipitil atá ag teastáil thar an tréimhse 2014 go 2020 a aithint agus tabharfaidh sé eolas do chinntí an Rialtais ar réimsí ar ar chóir acmhainní caipitil a dhíriú. Mar chuid den athbhreithniú seo tógfaidh an Roinn deiseanna nua san áireamh d'fhonn caiteachas caipitil an Stáitchiste a fhorlíonadh trí CPPanna.



Ag casadh móna ag Gráinseach Gormáin



Oibreacha tosaithe ar thionscadal bóthair N11

# Maoiniú Fiach Bonneagair

Lean an NDFA ar aghaidh le gníomhaíocht i rith 2013 le lucht cistithe iltaobhach, mar shampla, an Banc Infheistíochta Eorpach (EIB) agus Banc Forbartha Chomhairle na hEorpa d'fhone uasmhéadú a dhéanamh ar infhaighteacht cistithe éifeachtúil ó thaobh costais de don bhonneagar Éireannach.

Leanann an NDFA ar aghaidh ag comhthadhall leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus an Roinn Airgeadais chun bealaí a aimsiú an próiseas CPP a chúchóiriú agus urratheoirí agus infheisteoirí nua a mhealladh.

## An Banc Infheistíochta Eorpach

I nDeireadh Fómhair 2012, d'aontaigh an EIB €200m a chur ar fáil chun tacú le forbairtí ar Chlár Infheistíochta Seirbhísí Uisce Éireann (WSIP) trí 23 tionscadal a mhaoiniú i mBaile Átha Cliath agus 10 gcontae timpeall na tíre d'fhone príomhlíonra uisce nua, áiseanna cóireála uisce agus taiscumair a chur ar fáil, chomh maith le bearta chun caomhnú uisce a fheabhsú. I Samhain 2012, chuir an EIB iasacht dhíreach €100m ar fáil don Stáitchiste chun an chéad tráinse de na tionscadail seo a mhaoiniú.

In 2013 d'ardaigh an EIB a n-iasachtú in Éirinn 35% agus chuir siad ar fáil €680m mar iomlán le haghaidh seacht tionscadal nua, ar a n-áirítear tacaíocht do bhóithre nua, infheistíocht ollscoile, fuinneamh agus teileachumarsáid. I leith CPPanna, ina ngníomhaíonn an NDFA mar chomhairleoir airgeadais don NRA, tá €75m de chistiú fiach curtha ar fáil ag an EIB le haghaidh tionscadail bóithre CPP N7/N11 (Aibreán 2013) agus cistiú fiach €144m le haghaidh an tionscadail bóithre CPP N17/N18 (Aibreán 2014).

I Meitheamh 2013, chuir an NDFA comhairle airgeadais ar fáil don Rialtas i soláthar iasachta díreach €100m an EIB don Stáitchiste d'fhone an dara tráinse d'fhorbairt tógála scoile a mhaoiniú don Roinn Oideachais agus

Scileanna faoi "Clár Infheistíochta Scoileanna na hÉireann." Leanann an comhaontú seo iasacht €100m don Stáitchiste in 2012 le haghaidh cláir tógála scoile cosúil.

I nDeireadh Fómhair 2013, tar éis plé a bhí á threorú ag an NDFA, fuarthas "faomhadh i bprionsabal" ó Bhord an EIB suas le 50% de chistiú fiach sinsir a chuirfear ar fáil don fhorthairgeoir CPP rathúil le haghaidh tionscadail champas DIT ag Gráinseach Ghormáin.

I Samhain 2013, fuarthas "faomhadh i bprionsabal" ó Bhord an EIB le haghaidh maoiniú don tionscadal LUAS Traschathrach, ina ngníomhaíonn an NDFA mar chomhairleoir airgeadais don RPA. Aontaíodh leis an leithdháileadh €150m don tionscadal go foirmiúil idir an Aire Iompair, Spóirt agus Turasóireachta agus an EIB in Aibreán 2014.

Is iad Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta iasachtaí d'iasachtú díreach an EIB don Stáitchiste, atá freagrach as iasachtaí a fháil ar son Rialtas na hÉireann. Tá na tionscadail ar fad sna cláir seo á seachadadh ar bhonn traidisiúnta.

### Banc Forbartha Chomhairle na hEorpa

Leanann an NDFA ar aghaidh ag forbairt a chaidrimh leis an CEB, banc forbartha iltaobhach a bhronnann iasachtaí ar a 41 Ballstát agus é mar aidhm acu comhtháthú sóisialta a chur chun cinn. Cuireann sé maoiniú ar chostas íseal ar fáil do thionscadail i rannóga de bhunús sóisialta ar a n-áirítear sláinte, oideachas, ceart agus tithíocht. Bunaithe i 1956, d'aistrigh sé a ainm go dtí an Ciste Fhorbairt Shóisialta Chomhairle na hEorpa i 1994 sular athraigh sé go Banc Forbartha Chomhairle na hEorpa i 1999.


In Eanáir 2014, chuir an CEB iasacht díreach €41m ar fáil don Státhchiste chun suas le leath de chostais chaipitil an Phríosúin nua i gCorcaigh agus an tIonad Coinneála Páistí Náisiúnta i mBaile an Oibricigh, Co. Bhaile Átha Cliath a mhaoiniú. D'eagraigh an NDFA an maoiniú seo i gcomhairle le Seirbhís Príosún na hÉireann, Seirbhís na hÉireann um Cheartas i leith an Aosa Óig, an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus an Roinn Airgeadais.

### ÉIRÍONN AN MARGADH CPP EORPACH ANÍOS ÓN GCÚLÚ EACNAMAÍOCHTA

In 2013 ba é €16.3 billiún luach comhiomláin na n-idirbheart a bhain críoch airgeadais amach sa mhargadh CPP Eorpach, ardú 27% ó 2012. Bhain 80 idirbheart CPP críoch airgeadais amach sa tréimhse i gcomparáid le 68 in 2012. Ba iad an Ríocht Aontaithe, an Fhrainc agus an Ghearmáin na húsáideoirí is mó de sholáthar CPP i leith líon conarthaí – agus ba sa Ríocht Aontaithe agus san Iodáil a bhí an méid is mó margaí i leith luacha in 2013. Ba CPPanna “infhaighteacht bhunaithe” iad 90% de na tionscadail seo.

Léiríonn an chairt seo a leanas an treocht sa mhargadh CPP san Eoraip le 10 mbliana anuas.

### MARGADH CPP NA HEORPA 2004-2013 DE RÉIR LUACH AGUS LÍON TIONSCADAL



Foinse: Ionad Saineolais CPP na hEorpa

# Dul Chun Cinn ar Thionscadail ina nGníomhaíonn an NDFA mar Údarás Soláthair, Comhairleoir Airgeadais agus Bainisteoir Conartha

Ní hamháin go nglacann an NDFA le freagracht dlíthiúil le haghaidh soláthair tionscadail ar litir aistrithe foirmiúil a fháil ón Ard-Rúnaí/Oifigeach Cuntasaíochta cuí, glacann sé ról thar a bheith tacúil sa phróiseas réamhsholáthair atá faoi cheannas na Gníomhaireachta Urraithe láithreach ar fhógairt tionscadail CPP. Cabhraíonn an NDFA leis an Roinn Cheadaithe agus an tUrraitheoir córas rialachais tionscadail oiriúnach a bhunú, aschur tionscadail mhíniú, tagarmharc na hEarnála Poiblí a ullmhú agus páirtithe ábhartha a threorú in ullmhúcháin do phróiseas soláthair poiblí láidir.

Tógadh suas cuid mhaith de ghníomhaíochtaí an NDFA ar na tionscadail ina ngníomhaíonn siad mar údarás soláthair agus comhairleoir airgeadais, i rith an chéad chuid de 2013, leis an ngníomhaíocht réamh-sholáthair seo in ullmhúcháin d'fhógairt fhógraí tairisceana in eTenders agus san OJEU agus leanfaidh sé go heisiúint na ndoiciméad tairisceana níos déanaí sa bhliain.

## AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA

### Clár CPP Scoileanna

Fógraíodh an Clár CPP Scoileanna don chéad uair in 2005 agus é mar sprioc 27 scoil a sheachadadh. Cuireann an NDFA comhairle airgeadais ar fáil don chlár agus tá siad freagrach as na gnéithe ar fad de sheachadadh agus soláthair tógála na gconarthaí CPP aonair. Go dtí seo tá 18 scoil le os cionn 12,00 áit scoile, le luach caipitil comhiomlán thart ar €240m, seachadta ag an NDFA i dtrí beart éagsúla. Bhí gach tionscadal seachadta in am agus laistigh den bhuiséad. Áirítear dhá bheart CPP eile a chuimsíonn 10 scoil sa Chlár Spreagtha Bonneagair 2012.

I nDeireadh Fómhair 2012, ghlac an NDFA, ar iarraidh Aire na Roinne Oideachais agus Scileanna, ceannas ar chonradh bainistíochta oibríochtaí agus chothabháil 15 scoil oibríochtúla CPP.

### An Chéad Bheart Scoileanna CPP

*Scoil Mhuire CBS, Port Laoise, Co. Laoise*

*Scoil Chríost Rí, Port Laoise, Co. Laoise*

*Coláiste Bheannchar, Coláiste na Síonna, Beannchar, Co. Uíbh Fhailí*

*Coláiste Pobail Gallen, Féar Bán, Co. Uíbh Fhailí*

### An Dara Beart Scoileanna

*Coláiste Pobail Mhainistir na Féile, Mainistir na Féile, Co. Luimnigh*

*Pobalscoil Bhaile Átha Buí, Baile Átha Buí, Co. na Mí*

*Coláiste Pobail Bheanntraí, Beanntraí, Co. Chorcaí*

*Gaelscoil Bheanntraí, Beanntraí, Co. Chorcaí*

*Pobalscoil Bhaile Chill Dara, Cill Dara, Co. Chill Dara*

*Coláiste Pobail Bhaile Chill Mhantáin, Cill Mhantáin, Co. Chill Mhantáin*

### An Tríú Beart Scoileanna

*Coláiste Pobail Bhaile Átha Luain, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí*

*Coláiste Pobail Bhéal an Átha Móir, Béal an Átha Mór, Co. Liatroma*

*Scoil na Troinóide Naofa, Dún Bleisce, Co. Luimnigh*

*Bunscoil Choillte Muirlinne, Dabhach Uisce, Co. na Gaillimhe*

*Iarbunscoil Choillte Muirlinne, Dabhach Uisce, Co. na Gaillimhe*

*Gaelcholdáiste, Coláiste Ailigh, Leitir Ceanainn. Co. Dhún na nGall*

*Coláiste na Craobhaí, Guaire, Co. Loch Garman*

*Ardscoil na Mara, Trá Mhór, Co. Phort Láirge*





Scoileanna sa Chéad, sa Dara agus sa Tríú Beart

### **An Chéad agus an Dara Beart Scoileanna CPP**

Is éard a bhí sa chéad bheart CPP ceithre scoil lonnaithe i Laois agus Uíbh Fhailí. Bronnadh an conradh ar Macquarie Partnerships for Ireland i Márta 2009 agus baineadh tosú seirbhíse amach i Meán Fómhair 2010.

Bronnadh an conradh don dara beart scoileanna CPP, a chuimsíonn sé scoil i gCorcaigh, Luimneach, Cill Dara, agus an Mhí, ar Macquarie Partnerships for Ireland i Meitheamh 2010. Cuireadh seachadadh na scoileanna ar fad i gcrích in 2011 sula rabhthas ag súil leis.

Cuireann an NDFA seirbhísí bainistíochta conartha CPP ar fáil do gach scoil sa dá chonradh seo ar son na Roinne Oideachais agus Scileanna.

### **An Tríú Beart Scoileanna CPP**

Cuirtear cóiríocht ar fáil do thart ar 5,700 scoláire sa tríú beart scoileanna CPP a chuimsíonn ocht scoil, le scoileanna nua agus ionaid san áireamh.

Bhain an tionscadal críoch airgeadais amach i mí na Samhna 2012 agus ba é BAM CPP agus PGGM Infrastructure Cooperatie a bhronn an conradh.

Cuireadh tús láithreach le tógáil tar éis síníú an chonartha.

D'oscail na hocht scoil ar fad ar bhonn céimnithe idir Samhain 2013 agus Aibreán 2014 in am agus laistigh den bhuiséad ceadaithe. Cuireadh isteach Aonad Riachtanais Speisialta faoin gconradh don bhunscoil agus iarbhunscoil ag Dabhach Uisce, Co. na Gaillimhe. Leanann an NDFA ar aghaidh ag déanamh monatóireacht ar na hoibreacha seo agus críochnú fhorbairt na páirce i mBaile Átha Luain. Tá an thréimhse aistrithe á bainistiú ag an NDFA curtha ar fáil faoi na Treoirlínte Aire, agus tá an tabhairt ar ais foirmiúil chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna de bhainistíocht an chonartha CPP sceidealaithe níos déanaí i Samhradh 2014. Measfar go n-iarrfaidh an Rialtas an bhainistíocht iar-chonartha den chonradh CPP seo ar aon dul leis na scoileanna CPP feidhmiúla eile. Tá BAM FM freagrach as seachadadh na seirbhísí bainistíochta saoráidí ag na scoileanna ar fad sa Bheart thar thréimhse sheirbhíse 25 bliain an chonartha.

Bronnadh an Tionscadal Oideachais is Fearr san Eoraip ar an tríú beart scoileanna sna Gradaim CPP Eoraip san Airgeadais Domhanda 2013.



*Ar an 24 Meitheamh 2014 d'fhógair Institiúid Rioga Ailtirí na hÉireann (RIAI) 'Coláiste Ailigh' i Leitir Ceanainn, ceann de na scoileanna sa Tríú beart Scoileanna, mar bhuaiteoir do Ghradaim Ailtireachta na hÉireann 2014 don ghradam 'An Foirgneamh Oideachais is Fearr.' Grianghraf ó Neil Warner*



### **An Ceathrú agus an Cúigiú Beart Scoileanna CPP**

Rinneadh ceapacháin le haghaidh comhairleoirí teicniúla (ailtireacht, innealtóireacht agus comhairleacht chostais) agus seirbhísí comhairliúcháin dlíthiúla don Cheathrú agus don Chúigiú Beart Scoileanna CPP in 2013 ó phainéil bunaithe ag an NDFA ag deireadh 2012.

I Meitheamh 2013 fógraíodh an fógra conartha san OJEU don cheathrú agus don chúigiú beart scoileanna CPP agus fuarthas sé léiriú spéise ina dhiaidh sin in Iúil 2013. Ina dhiaidh sin cuireadh trí chuibhreannas ar ghearrliosta chun doiciméid tairisceana a fháil don dá bheart.

### **An Ceathrú Beart Scoileann CPP**

Is éard atá sa cheathrú beart ceithre iar-bhunscoil sa Chlár, i gCorcaigh, Lú agus i dTiobraid Árann. Cuirfidh an beart cóiríocht ar fáil do thart ar 3,000 scoláire. Tugadh an tionscadal don NDFA ón Roinn Oideachais agus Scileanna i nDeireadh Fómhair 2013 arna fhaomhadh ag an PSB, agus eisíodh doiciméid Chuireadh chun Idirbheartaíochta chuig na hiarrthóirí ar an ngearrliosta i Samhain 2013.

Mar chuid de mholtaí an NDFA chun an t-am a thógann an chéim sholáthair a laghdú agus chun na costais do fhorthairgeoirí laistigh den chlár spreagtha a laghdú, ullmhaíodh dearthaí foirme do gach scoil sular eisíodh doiciméid tairisceana ar an mbonn sin leag an NDFA isteach iarratais pleanála sa deireadh leath de 2013. Cuireadh imscrúduithe seandálaíochta agus talún agus measúnaithe timpeallachta agus tráchta ar bun i rith na bliana ag gach suíomh.

Fuarthas fógraí le haghaidh pleanála deontais do na scoileanna sa Chlár, i gCorcaigh, Lú agus i dTiobraid Árann. Diúltaíodh cead pleanála, áfach, do bhunscoil agus iarbhunscoil i gCill Droichid, Co. Chill Dara, a bhí ar dtús le cur san áireamh sa bheart seo ag Comhairle Contae Chill Dara agus níor éirigh le hachomharc don Bhord Pleanála ina dhiaidh sin. Tá an cinneadh déanta ag an Roinn Oideachais agus Scileanna gan dul ar aghaidh leis na scoileanna seo laistigh den chonradh CPP seo.

Mar chuid de thionscnamh uile-chláir le Fiontraíocht Éireann, reáchtáladh ócáid "Meet the Buyer" i bPort Laoise a thug an deis do 200 gnóthas beag agus meánach laistigh den rannóg tógála bualadh go

díreach le ceannaitheoirí sinsearach laistigh de na trí fhorthairgeoir ar an ngearrliosta. Eagrófar ócáid eile le haghaidh na SMEanna ina dhiaidh ceapacháin an fhorthairgeora roghnaithe.

Fuarthas tairiscintí mar a bhí sceidealaithe in Aibreán 2014 agus roghnaíodh fhorthairgeoir tosaíochta i Meitheamh. Táthar ag súil go mbronnfar an conradh faoi dheireadh 2014. Measfar go dtógfaidh tógáil na scoileanna thart ar 18 mí.

### **An Cúigiú Beart Scoileanna CPP**

Cuirfidh an beart seo cóiríocht nua ar fáil do thart ar 4,650 scoláire agus áirítear leis bunscoil agus iar-bhunscoil i gCill Mhantáin agus dhá iar-bhunscoil sa Mhí agus i Loch Garman. Cuirfear dhá institiúid nua in ionad coláiste Boird Oiliúna Oideachais (ETB) i mbaile Ceatharlach a chuireann cúrsaí iar-Ardteiste agus oideachas dara leibhéal príomhshruitha ar fáil. Is éard a bheidh sa chomh-champas iarbhunscoil agus coláiste breisoideachais, a fhreastalóidh do 1,000 scoláire.

Tá an Roinn Oideachais agus Scileanna ag meas bunscoil agus iar-bhunscoil i gCill Droichid a chur san áireamh a bhí ar dtús molta le bheith curtha san áireamh sa cheathrú beart.

Ar an iomlán tá ullmhúcháin na ndearthaí foirme críochnaithe agus tá na chéad iarratais pleanála déanta. Tá críoch iomlán curtha le himscrúduithe seandálaíochta agus talún, agus measúnuithe timpeallachta agus tráchta ag gach suíomh.

Tá doiciméid tairisceana le cur amach chuig na trí fhorthairgeoir ar an ngearrliosta níos déanaí in 2014.



## Clár CPP Oideachais Tríú Léibhéal

### *Campas DIT ag Gráinseach Ghormáin: Cearnóga Thoir agus Láir*

I Meán Fómhair 2010 sheol an Rialtas mórthionscadal nua forbartha bonneagair a chuimseoidh campas a tógadh le sainchuspóir d'Institiúid Teicneolaíochta Átha Cliath (DIT), áiseanna úrscothacha meabhairshláinte agus réimse fónais poiblí – le tógáil ar fad ar thailte Ospidéal Naomh Breandán i nGráinseach Ghormáin i mBaile Átha Cliath 7. Freastalóidh an leathnú planáilte den líne LUAS traschathrach (Líne D), ina bhfuil planáil cheana féin tosaithe, don suíomh. Is cuid shuntasach d'fhorbairt an champais é tógáil dhá fhoirgneamh nua a chuirfidh 50,000 m<sup>2</sup> de spás múinteoireachta ar fáil. Le chéile, tabharfar faoi na Cearnóga Thoir agus Láir mar chonradh CPP aonair le luach caipitil thart ar €200 milliún.

Is iad an tÚdarás Ceadaithe don tionscadal seo an Roinn Oideachais agus Scileanna. Is iad Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin (GDA) an Gníomhaireacht Urraithe. Is iad an NDFA an comhlacht soláthair atá ag gníomhú don Aire Oideachais agus Scileanna agus ar a shon agus an comhairleoir airgeadais. Beidh DIT ina úsáideoir deiridh do na háiseanna.

Beidh an Chearnóg Láir ina hionad barr feabhais do na heolaíochtaí chomh maith le háiseanna a chorprú d'innealtóireacht leictreach, ealaíona cócaireachta, bainistíocht fáilteachais agus cláir thurasóireachta ag DIT. Freastalóidh sé do ghníomhaíochtaí acadúla agus áiseanna múinteoireachta atá de dhíth ar 10 scoil ó Choláiste na nEolaíochtaí agus Sláinte, Coláiste na hInnealtóireachta agus na Timpeallachta Tógtha agus an Coláiste Ealaíon agus Turasóireachta. Cuirfear na scoileanna seo i ngrúpaí d'fhonn na buntáistí agus éifeachtúlachtaí a uasmhéadú do DIT ó dhisciplíní agus feidhmeanna gaolmhara a chomhshuí.

Beidh an Chearnóg Thoir ina hionad barr feabhais le haghaidh na n-ealaíon agus an mheáin ina n-áirítear an Ardscoil Cheoil Náisiúnta na hÉireann. Freastalóidh sé do ghníomhaíochtaí acadúla agus áiseanna le haghaidh cúig scoil den seacht gcinn laistigh den Choláiste Ealaíon agus Turasóireachta.

Tá an Campas ag Gráinseach Ghormáin faofa mar Chrios Forbartha Straitéisí (SDZ) faoi Chuid IX den Acht Pleanála agus Forbartha. Tógadh an scéim planála i gcúram ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus rinne an Bord Pleanála é a fhaomhadh in 2011.

I nDeireadh Fómhair 2013, fuair an tionscadal faomhadh i bhfoirm phríomha ón EIB le haghaidh suas le 50% den chistiú fiach sinsearach a chuirfear ar fáil don fhorthairgeoir CPP roghnaithe.

Tar éis don tionscadal a bheith aistrithe chuig an NDFA le haghaidh soláthair in 2013 ón GDA agus an Roinn Oideachais agus Scileanna, fógraíodh fógra conartha san OJEU. Leag cúig chuibhreannas freagraí réamh-cháilíochta isteach i Nollaig 2013 agus uaidh sin cuireadh trí fhorthairgeoir ar an ngearrliosta. Eisíodh na doiciméid Chuireadh chun Idirbheartaíochta in Aibreán 2014 agus tá tús curtha leis an bpróiseas comhairliúcháin réamhsholáthair. Tá fáil agus measúnú tairiscintí sceidealaithe le haghaidh deireadh 2014/ tús 2015. Tar éis fáil cead planála (ón bhfothairgeoir roghnaithe) atá sceidealaithe le haghaidh lár 2015 táthar ag súil go dtarlóidh críoch airgeadais agus bronnadh conartha sa cheathrú chuid de 2015. Táthar ag súil go n-áiteoidh scoláirí na foirgnimh nua i rith na bliana acadúla 2017/2018.







*Léaráidí ealaíontóra, foirgnimh na gCearnóg Láir agus Thoir*

## FEIDHMEANNACHT NA SEIRBHÍSE SLÁINTE

### Ionaid Chúraim Phríomhúil CPP

Is éard atá i gceist le tionscadal na nIonad Cúraim Phríomhúil soláthar beartaithe líonra d'ionaid chúraim phríomhúil. Is é an tÚdarás Ceadaithe don tionscadal an Roinn Sláinte agus is é Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte an Ghníomhaireacht Urraithe.

Measann FSS go mbeidh forbairt ionaid chúraim phríomhúil ina mórghné i gcomhcheangal seirbhísí príomhúla, pobail agus cúraim leantaigh agus sóisialta ar fud réigiúin FSS agus gur cheart go ndéanfaidís ionadaíocht don phointe fócais do sholáthar na seirbhísí siúd.

Tar éis do FSS meastóireacht ghéar a dhéanamh ar thionscadail, tá sé láthair fhéideartha déag aithinte le breathnú a dhéanamh orthu agus go dtabharfar chun an mhargaidh iad trí CPP. Go dtí go dtagann torthaí phróisis na pleanála reachtúla amach, measfar go roghnófar ceithre cinn déag de na suíomhanna seo do bheart conartha. Déanfar breithniú ar na láithreacha eile le haghaidh seachadta trí mhodhanna soláthair eile.

Is éard atá sa tionscadal dearadh, tógáil, maoiniú agus cothabháil le haghaidh 25 bliain do na hionaid chúraim phríomhúil chomh maith le soláthar seirbhísí bainistíochta áise. Ní áirítear soláthar seirbhísí bainteach le cúram sláinte, is ar FSS atá an freagracht sin.

Tá comhairleoirí teicniúla ceaptha ag FSS don tionscadal agus tá dul chun cinn suntasach déanta i rith 2013 i bhforbairt dearáí foirme agus i ndéanamh iarratas le haghaidh cead pleanála do na suíomhanna ar fad.

D'fhógair an NDFA fógra conartha san OJEU i Nollaig 2013, agus fuarthas ceithre aighneacht réamhcháiliúcháin i Márta 2014. Cuireadh trí iarrthóir ar ghearrliosta i Meitheamh 2014.

Measfar go n-eiseofar na doiciméid Cuirí chun Idirbheartú chuig trí iarrthóir ar an ngearrliosta i samhradh 2014 agus roghnófar tairgeoir ag deireadh 2014/tús 2015. Tá bronnadh conartha agus críoch airgeadais sceidealaithe le haghaidh lár 2015 agus measfar go leanfaidh an tógáil ar aghaidh ar feadh idir 12 mhí agus 18 mí ag gach ionad.





## AN ROINN DLÍ AGUS CIRT AGUS COMHIONANNAIS

### Tionscadal Bheart CPP na gCúirteanna

D'fhógair an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe an Clár Dlí agus Cirt mar chuid de phacáiste spreagtha níos fairsinge in Iúil 2012. Ón gclár sin is CPP a bheidh sa Bheart Tí Cúirte. Leanfaidh na trí Cheanncheathrú Roinne an Gharda Síochána (le haghaidh suíomhanna i mBaile Átha Cliath, Gaillimh agus Loch Garman) a fógraíodh ar bhonn atá maoinithe ag an Státchiste go díreach.

Is éard a bheidh sa Bheart CPP Cúirteanna forbairt foirgneamh tí cúirte i nDroichead Átha, Leitir Ceanainn, Luimneach, agus Loch Garman agus athchóiriú agus leathnú tithe cúirte i gCorcaigh, san Muileann gCearr agus i bPort Láirge, i bpáirtíocht le bainistíocht áiseanna cuí agus seirbhísí cothabhála le haghaidh gach áis.

Is é Údarás Ceadaithe an tionscadail seo an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Is iad seirbhí na gCúirteanna an Ghníomhaireacht Urraithe agus is iad Oifig na nOibreacha Poiblí an comhairleoir teicniúil i gceannas. Ceapadh sain-chomhairleoirí teicniúla agus costais don tionscadal CPP in 2013 chomh maith le comhairleoirí dlíthiúla.

Tá tionscadail na gcúirteanna á soláthar trí chonradh CPP aonair agus d'fhógair an NDFA an Fógra Conartha don tionscadal iomlán san OJEU in Aibreán 2014. Deimhníodh cead pleanála le haghaidh forbairt na dtithe cúirte sular tosaíodh an próiseas soláthair.

Measfar go gcuirfear trí fhorthairgeoir ar ghearrliosta le haghaidh fáil na ndoiciméad Cuiridh chun Idirbheartaíochta i rith an dara chuid de 2014 le bronnadh an chonartha sceidealaithe do thús 2016.



## ÚDARÁS SOLÁTHAR LE HAGHAIDH TIONSCADAIL TÓGÁLA SCOILEANNA NEAMH-CPP

### Clár Tógála Scoileanna Déabhlóidithe NDFA

I Márta 2012, d'fhógair an tAire Oideachais agus Scileanna, Ruairí Quinn T.D., sonraí faoi 219 tionscadal nua tógála scoileanna le seachadadh sa tréimhse 2013-2017 mar chuid de chlár infheistíochta caipitil €2 billiún. Tá na tionscadail seo sa bhreis ar na 56 mórthionscadal tógála scoile a fógraíodh cheana féin le haghaidh 2012. Measfar go gcruthóidh an infheistíocht seo 15,000 measta díeach agus 3,000 post indíreach i gcaitheamh thréimhse an chlár.

Cabhróidh an NDFA, Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW), Boird Thraenála Oideachais (ETBs) agus roinnt Comhairlí Contae leis an Roinn maidir le seachadadh breis agus 80 mórthionscadal scoile laistigh den phlean 5 bliana.

Déanfaidh an NDFA cúig scoil déag ar dtús a sholáthar agus a sheachadadh (foirgneamh nua agus ionaid, síntí agus cuíchóirithe san áireamh) faoi fhorálacha a áirítear leis an Acht ETB 2013. Tá an clár tacaíochta seo sa bhreis ar an gclár CPP Scoileanna, a ngníomhaíonn an NDFA ina leith mar an ngníomhaire soláthair agus seachadta.

Cheap an NDFA foirne deartha agus comhairleoirí/conratheoirí eile d'fhonn tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt an chlár seo in 2012. Deimhníodh dearthaí foirne agus ceadanna pleanála le haghaidh gach tionscadal forbartha scoile ag an NDFA i rith 2013.

I mBealtaine 2013, cheap an NDFA cúig chonraitheoir tógála ar chreat "Dearadh agus Tógáil" trí bliana tar éis comórtais tairisceana oscailte. Éisíodh tairiscintí sa dara leath de 2013 i leith trí bheart idir cheithre agus sé scoil a chlúdaíonn an t-oirthuaisceart, an lár-réigiúin thiar agus an t-iardeisceart. Cuireadh bronnadh na gconarthaí don chreat seo i gcrích i Q1 2014.

Tá tús curtha le tógáil ar na 15 scoil agus measfar go gcríochnófar an chéad cheann faoi dheireadh 2014.

### Foráil Thrialach na gClásal Sóisialta do Dhaoine Dífhostaithe go Fadtéarmach laistigh den Chonradh Oibreacha Poiblí

Tá an scéim phiolótach "Clásail Shóisialta do Phrintísigh agus do Dhaoine Dífhostaithe go Fadtéarmach" á bainistiú ag an NDFA laistigh den Chlár Scoileanna Déabhlóidithe. Maidir leis na clásail shóisialta seo, atá á gcorprú sna tionscadail CPP atá mar chuid de Chlár Spreagtha an Rialtais fógartha in Iúil 2012, áirítear spriocanna éigeantacha do:

- ar a laghad 10% dóibh siúd atá ag obair ar shuíomhanna a tháinig ón mbeochlár agus iad dífhostaithe le níos mó ná 12 mhí
- ar a laghad 2.5% d'oibrithe ar na suíomhanna ag tabhairt faoi scéim phrintíseachta chláraithe fhaofa

Áirítear sa scéim phrintíseachta socruithe monatóireachta agus cuirfear bailiúchán sonraí ar fáil chun a éifeachtacht maidir le sroicheadh na spriocanna a bhunú.

Tugadh cúnamh don NDFA agus don Roinn Oideachais agus Scileanna le dréachtú na gclásal seo agus a gcuimsiú laistigh d'fhoirm na hoibreacha poiblí ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. I Meitheamh 2014, d'fhógair an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe bunú Grúpa Tionscadail Clásal Sóisialta laistigh den oifig um Sholáthar Rialtais, d'fhonn tógail ar thaithí an tionscnaimh phiolótaigh.

Go dtí seo bronnadh an trí chonradh le luach caipitil comhiomlán thart ar €70 milliún. Tá an NDFA ag súil le meitheal foirne thar na conarthaí ar fad de thart ar 150-250 duine.

Tá an NDFA ag obair go dlúth leis na conratheoirí ceaptha, leis an Roinn Coimirce Sóisialaí agus leis na hoifigigh áitiúla cuí in iarratas riachtanas an chonartha, agus tá siad ar fad ag dul i ngleic le tacaíocht an tionscnaimh phiolótaigh.

Thosaigh obair do gach conradh i rith Feabhra agus Márta 2014. Faoi lár Mheithimh fostaíodh 30 duine a chomhlíonaigh na riachtanais thar an trí chonradh agus bhíodhas ag súil le níos mó coinní agus eagraíodh agallaimh le haghaidh níos mó folúntais.

Tá an NDFA ag gníomhú mar Ionadaí an Fhostóra

faoi na conarthaí agus tá ról leanúnach aige i monatóireacht fheidhmíocht na gConraitheoirí i gcoinne a n-oibleagáidí conartha. Déanfar fíorú deiridh an chomhlíonta leis na clásail shóisialta tar éis “Críochnú Substantiúil” na gconarthaí ar fad. Cuirfear píonóis airgeadais ar fáil chomh fada go dtiteann an líon daoine cuí fostaithe faoi bhun an leibhéil atá ag teastáil.

### **Ag Spreagadh agus ag Tacú le Rannpháirtíocht SME**

Tá an NDFA tar éis teagmháil a dhéanamh le Fiontraíocht Éireann maidir le roinnt tionscnamh mar thacaíocht don rannóg SME, ócáidí “Meet the Buyer” don Chlár Tógála Scoileanna Déabhlóidithe san áireamh. Bhí an deis ag baill na rannóige SME bainteach leis an rannóg tógála eolas fháil ar na conarthaí aonair laistigh den chlár agus chun

teagmháil dhíreach a dhéanamh le hionadaithe den chúig chonraitheoir dearadh agus tógáil ceaptha sa chreat.

Ghlac os cionn 300 gnó páirt i rith an dá chúrsa a reáchtáladh i nDroichead Átha, Co. Lú agus san Ráth, Co. Luimnigh. Chomh maith leis sin, bhí an Roinn Coimirce Sóisialaí le chéile le hionadaithe óna Boird Fiontraíochta agus Contae áitiúla i láthair ag na hócáidí mar chuid de chrios tacaíochta fiontraíochta.



*Searmanas bríceadóireachta ag Scoil Náisiúnta Galvone i Luimneach*



# Dul Chun Cinn ar Thionscadail ina nGníomhaíonn an NDFA mar Chomhairleoir Airgeadais

## FEIDHMEANNACHT NA SEIRBHÍSE SLÁINTE

### Na Seirbhísí Náisiúnta Meabhairshláinte Fóiréinsí

Tá Naomh Ita, Port Reachrann bunaithe mar an rogha suímh don tSeirbhís nua Náisiúnta Meabhairshláinte Fóiréinsí (NFMHS) ina mbeidh an méid a leanas:

- Ospidéal Fóiréinseach do Dhaoine Fásta nua (120 leaba)
- Aonad Míchumais Intleachtúil Mheabhairshláinte Fóiréinsí (10 leaba)
- Aonad Fóiréinseach Leanaí agus Ógánach (10 leaba)
- Aonaid Fhóiréinseach Athshlánúcháin Dianchúraim (30 leaba)
- Dhá Aonad Fhóiréinseacha Athshlánúcháin Dianchúraim a fhorbrófar ag suíomhanna cú timpeall na tíre

Tá FSS ag leanúint ar aghaidh leis an tionscadal seo ar bhonn céimnithe dhá chéim, tógfar na hAonaid Athshlánúcháin Dianchúraim ar leithligh sa dara céim.

Tá an NDFA ag gníomhú mar chomhairleoir airgeadais do FSS ar an tionscadal seo a sholáthraítear ar bhonn traidisiúnta. Faoi láthair tá an dearadh tionscadail á fhorbairt tar éis ceapacháin na Foirne Deartha in 2012. Tá doiciméid tairisceana sceidealaithe le bheith eisithe in 2015 agus, tar éis cead pleanála a fháil, measfar go gceapfar conraitheoir in Q4 den chéad chéim den fhorbairt.

### An Lárionad Sármhaitheasa um Aosú Folláin

Thug FSS faomhadh d'Ospidéal Naomh Séamas chun leanúint ar aghaidh leis an gClár 'Cúram na nAosach' ag Ospidéal Naomh Séamas. Is é sprioc an tionscadail seo áis d'Institiúid Mercer um Aosú Folláin a fhorbairt ar an

taobh ó dheas de láthair an ospidéil agus go mbeidh sé ina "Lárionad Sármhaitheasa um Aosú Folláin (CESA)".

Bhí an NDFA mar chomhairleoir airgeadais do FSS ar an tionscadal seo a sholáthraítear ar bhonn traidisiúnta. I ndiaidh fógraíocht na tairisceana don tionscadal i Meitheamh 2013, bronnadh an conradh i bhFeabhra 2014 ar BAM.

Tá an tionscadal maoinithe i gcomhpháirt ag Atlantic Philanthropies agus FSS.

### An tOspidéal Náisiúnta Péidiatraiceach (NPH)

Tá an t-ospidéal leanaí ar cheann de na tionscadail infheistíochta is mó, is coimpléacsúil agus is suntasaí a tugadh faoi i gcúram sláinte in Éirinn. Feabhsóidh sé an bealach a sheachadtar seirbhísí géarchúraim sláinte agus is é an toradh a bheidh air go mbeidh torthaí cliniciúla níos fearr do leanaí agus do dhaoine óga.

Tabharfaidh an fhorbhairt phleanáilte an trí ospidéal leanaí atá ann cheana féin le chéile, is iad sin Ospidéal Mhuire na Leanaí i gCromghlinn, Ospidéal Ollscolaíoch na Leanaí, Sráid Temple agus an tOspidéal Náisiúnta Leanaí ag Ospidéal Tamlachta. Is é an príomh-sprioc ospidéal a chur ar fáil a dhéanfaidh i gcúram cliniciúil, teagaisc agus taighde a chur ar fáil i dtimpeallacht ardchaighdeán, atá comhlonnaithe le hospidéal acadúil teagaisc.

I Samhain 2012, roghnaíodh Ospidéal Naomh Séamas mar an suíomh nua don NPH agus ceapadh Bord Forbartha nua ag an Aire Sláinte.

Tá an NDFA ag cur comhairle airgeadais ar fáil don Bhord Forbartha i leith ceapacháin foirne deartha le haghaidh conartha fostóir-treoraithe atá molta le bheith forthairgthe in 105 le haghaidh tógáil an ospidéil nua, faoi réir cead pleanála. I Márta 2014 fógraíodh sé fhoireann a bhí an ngearrliosta do dhearadh an ospidéil nua ag an mBord Forbartha i ndiaidh foilsíú an fhógra san OJEU i Samhain 2013.



## ROINN IOMPAIR, TURASÓIREACHTA AGUS SPÓIRT

### An Dara Clár CPP Bóithre

Tá an NDFA mar chomhairleoir airgeadais don Údarás um Bóithre Náisiúnta i leith an Dara Clár CPP Bóithre ina bhfuil trí scéim CPP a dhéanann suas cuid den Chlár Spreagtha Bonneagair – an N17/18 (Gort go dtí Tuaim) CPP; an N25 (Seachbhóthar Ros Mhic Thriúin) CPP; agus an Scéim M11 (Guaire go dtí Inis Córthaidh) CPP. Chuir an NRA tús le soláthar Tráinse 2 de chlár CPP Ionaid Sheirbhíse Mhótarbhealaigh. Soláthraíonn an NDFA comhairle airgeadais don chlár seo chomh maith.

### Scéim an N11 (an tInbhear Mór, Ráth Naoi agus Crois an Fhearainn Nua N7)

Soláthraíonn an NDFA comhairle airgeadais don NRA ar scéim CPP €282 milliún N11/Crois an Fhearainn Nua arbh é an tionscadal deiridh sa Chéad Chlár CPP Bóithre é agus a bhain bronnadh conartha agus críoch airgeadais amach in Aibreán 2013.

Tá nasc straitéiseach tábhachtach sa Ghréasán Bóithre Náisiúnta, uasghrádú go dtí an N11, á fhorbairt chomh

maith le huasgrádú chumar Chrois an Fhearainn Nua mar chonradh CPP aonair. Feabhsóidh uasgrádú an N11 sábháilteacht bóthair ar réimse bóthair atá contúirteach agus chomh maith leis sin cuimseoidh sé an chéad stad freastail ar-líne ar an N11, ag Guaire. Bainfidh seachbhóthar Chrois an Fhearainn Nua an solas tráchta deireanach idir Corcaigh, Luimneach, Port Láirge agus an teorainn le Tuaisceart Éireann. Téann timpeall 80,000 feithicle trí Chrois an Fhearainn Nua gach lá.

Cuireadh cistiú fiach os cionn €160 milliún ar fáil ó Bhanc na hÉireann agus EIB, agus tá Coimisiún an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean ag gníomhú mar iasachtóir cúltaca. Bronnadh an conradh ar chuibhreannas ina gcuimsítear BAM CPP agus riarthóir ciste féich Ollainis PGGM Infrastructure Cooperatie. Tá an tionscadal iomlán le cur i gcríoch laistigh de dhá bhliain.

Ba é seo an chéad Chomhpháirtíocht Phríobháideach Phoiblí iompair a síníodh ó 2007 agus léirigh sé go bhfuil ar chumas gníomhaireachtaí iompair Éireannacha maoiniú príobháideach a ghnóthú d'fhoth infheistíocht a dhéanamh i mbonneagar iompar riachtanach.







M17/M18 – Scéim, An Gort go dtí Tuam

### Scéim an N17/N18 (an Gort go dtí Tuam)

Bhain Scéim an N17/N18 (an Gort go dtí Tuam), a chuirfidh 57 ciliméadar de mhótarbhealach gan dola agus de dhébhealach mar chuid de nasc bóthair ardchaighdeán idir Leitir Ceanainn agus Port Láirge (Conair an Atlantaigh), bronnadh conartha agus críoch airgeadais amach in Aibreán 2014. Le costas caipitil measta €330 milliún, is é seo an tionscadal is mó den Chlár Spreagtha Bonneagair agus táthar ag súil go gcruthófar suas le 450 post, go bhfeabhsóidh geilleagar áitiúil in iarthar na hÉireann agus go laghdóidh plódú tráchta.

Mar an scéim is mó de Chéim 1 den Chlár Spreagtha Bonneagair, ba gharsprioc tábhachtach é an ghníomhaíocht tiomsaithe airgid i leanúint an chlár

CPP Éireannach agus deimhnigh sé muintín athnuaite na margáí airgeadais tionscadail idirnáisiúnta, ag leibhéal an bhainc agus leibhéal institiúide. Bhí ról tábhachtach ag an NDFA i mbainistiú réiteach an airgeadais coimpléacsúla forbartha don tionscadal CPP seo.

Soláthróidh an EIB €144 milliún thar 26 bliain don scéim – tríú gníomhú an bhainc chun tacaíocht a thabhairt dona tionscadail CPP ó 2010. Ag labhairt i ndiaidh bhronnadh an chonartha dúirt Leas-Uachtarán EIB, Jonathan Taylor, go bhfuil margadh CPP na hÉireann, le cúnamh idirthréimhseach ón EIB, tarraingteach d'infheisteoirí idirnáisiúnta arís de bharr rannpháirtíocht príomh-infheisteoirí tráchtála Eorpacha.

## Seachbhóthar N25 nua Ráth Naoi

Cuirfidh Seachbhóthar N25 nua Ráth Naoi nascanna ardchaighdeán ar fáil laistigh den réigiún thoir agus laghdóidh sé brú tráchta trí sheachbhóthar a chur ar fáil i mBaile Ráth Naoi ar an N25 agus N30.

Chuir an NRA tús leis an bpróiseas tairisceana don scéim CPP i Márta 2013. I ndiaidh próisis gearrliostú, cáilíodh ceithre fhoireann le haghaidh fáiltas na dtairiscintí. Táthar ag súil go leagfar isteach tairiscintí in Iúil 2014 agus is é Q1 2015 sprioc críche airgeadais.

Tá an scéim faoifa “i bprionsabal” ag an EIB le haghaidh cuimsithe sa chéim phiolótach de Thionscnamh Bhanna Thionscadal 2020 an Choimisiúin Eorpaigh/EIB. Déanfaidh an NDFA bainistiú ar an bhfoinse maoinithe nuálach le cinntiú go mbaineann an Stát Luach ar Airgead amach agus toradh rathúil ó sheasamh an Stáit.

## Scéim an M11 (Guaire go dtí Inis Chórtaidh)

Cuimseoidh Scéim an M11 (Guaire go dtí Inis Chórtaidh) tógáil trí choda nua de bhóthair, lena n-áirítear an M11, N30 agus nasc N80. Cuimsíonn an scéim:

- Seachbhóthar M11 Inis Chórtaidh – 26Km príomhlíne go caighdeán mótarbhealaigh, ag tosú ag Baile na Fraince agus ag leanúint ar aghaidh go Baile Roper ar an N11 atá ann cheana féin
- Nasc N80 – 4Km débhealach ag ceangal chumar Bhaile Dháith Mhóir le cumar N11/N80 ag Scairbh Bhailis atá ann cheana féin
- Nasc Thiar N30 - 8km bealach aonair ag ceagal chumar an N11/N80 ag Scairbh Bhailis le Baile Thaidhg Dhuibh, ag dul thar Bhaile Inis Chórtaidh thiar

Cuireadh tús leis an bpróiseas soláthair in Iúil 2013 agus fuarthas léirithe spéise ón NRA i nDeireadh Fómhair 2013. I ndiaidh próisis gearrliostú, eisíodh doiciméid tairisceana chuig ceithre chuibhreannas. Táthar ag súil le tairiscintí in Q4 2014 agus is sprioc críche airgeadais Q3 2015.

Féadfaidh an sceim a bheith incháilithe do Thionscnamh Bhanna Thionscadail an Choimisiúin Eorpaigh/EIB 2020 cé nach bhfuil cinneadh ar bith déanta ag an tráth seo.

## Ionad Seirbhísí Thráinse 2

Cuimsíonn an tionscadal seo an dearadh, an tógáil, oibriúchán agus cothabháil dhá ionad seirbhíse suite ar mhótarbhealach an M6 ar an taobh thoir de Bhaile Átha Luain agus ar mótarbhealach an M9 ar an taobh ó dheas de Chill Chuillinn, le chéile leis an bhféidearthach feistiú, oibriúchán agus cothabháil an tríú ionaid seirbhíse ar mhótarbhealach an M11 ar an taobh ó dheas de Ghuaire (nuair a thógtar é).

Cuireadh fógra san OJEU i Márta 2014. Eisíodh doiciméid tairisceana chuig na forthairgeoirí ar an ngearrliosta i Meitheamh 2014.

## Luas Traschathrach

Tá an Ghníomhaireacht um Fháil Iarnróid (RPA) (Luas BXD roimhe seo), freagrach as soláthar scéim an Luas Traschathrach, ina bhfuil nasc le soláthar idir líne Líne Dhearg agus Ghlas an Luas agus an líonra a shíneadh ar aghaidh i dtreo lár na cathrach go dtí an Chabhrach (Droichead na Scuab) tríd an Chloch Leathan agus Gráinseach Ghormáin. Déanfaidh an líne seo nasc le líne iarnróid fhouirbigh Mhaigh Nuad agus Dhún Búinne. Beidh cistiú don scéim á fháil ón Stáitchiste, le buiséad tionscadail €368 milliún. Tá sé ina sprioc go dtosófar leis an bpríomhthógáil go déanach in 2014/go luath in 2015.

Tá an NDFA ag cur comhairle airgeadais ar fáil don RPA agus an tÚdarás Náisiúnta Iompair i leith na scéime seo.

Cuireadh cúig chuibhreannas ar ghearrliosta don phríomh-chonradh Oibreacha Bonneagair ar an LUAS Traschathrach. Eisíodh na doiciméid Chuirí chun Idirbheartaíochta in Aibreán 2014 agus ceapfar conraitheoir faoi dheireadh na bliana. Tosóidh an conraitheoir roghnaithe ar oibreacha ar an bpríomh-bhonneagar in 2015 agus tá sé ina phlean go dtosófar ar sheirbhísí paisinéara in Q4 2017.

D’aontaigh an EIB chun €150 milliún a chur ar fáil d’fhonn tacaíocht a thabhairt do thógáil an tionscadail seo chomh maith le fáil 10 tram nua. Mar chuid dá ról, chomhordanádaigh an NDFA maoiniú iasachta (traidisiúnta) an EIB don tionscadal i gcomhaontú a síníodh i Márta 2014.



## AN COMHSHAOL, POBAL, AGUS RIALTAS ÁITIÚIL

### Sráid Charlemont

Tá an NDFA ag cur comhairle airgeadais ar fáil do Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath don tionscadal tithíochta sóisialta. Soláthróidh an tionscadal seo thart ar 150 aonad tithíochta speisialta, chomh maith le haonaid phríobháideacha agus roinnt forbairtí tráchtála. Tá cead pleanála deimhnithe agus in Q4 2013 lorg Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath cúnamh ón NDFA le críochnú an PSB.

### Scéim Uisce Bhailte agus Shráidbhailte Grúpáilte Phort Láirge

Chuir an NDFA comhairle airgeadais ar fáil do Chomhairle Contae Phort Láirge i rith phróisis soláthair de Scéim Séarachais Bhailte agus Shráidbhailte Grúpáilte Phort Láirge. Áiríodh an tionscadal seo sa Chlár Infheistíochta Seirbhísí Uisce 2010-2013 agus is éard atá ann dearadh, tógáil agus oibriúchán saoráidí cóireála fuíolluisce timpeall bailte agus sráidbhailte i gC0. Phort Láirge. Chuir an NDFA tuairim i bhfoirm litreach maidir le Luach ar Airgead ar fáil do Chomhairle Contae Phort Láirge i Nollaig 2013.

### Ionad Dramhaíola/Fuinneimh an Phoill Bhig

Tá tionscadal Dramhaíola chuig Fuinneamh Bhaile Átha Cliath á fhorbairt mar Chomhpháirtíocht Phoiblí Phríobháideach idir Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath (DCC), atá ag gníomhú ar son na gceithre Údarás Áitiúil agus Dublin Waste to Energy Ltd (comhfhiontar idir Covanta Energy, SAM agus DONG Energy Generation A/S, an Danmhairg).

Tá an NDFA ag gníomhú mar chomhairleoir airgeadais reachtúil do DCC, agus is iaf PWC comhairleoirí airgeadais an tionscadail. I ndiaidh imréiteach stáitchabhair Choimisiún an AE agus gearán Soláthair in Aibreán 2014, táthar ag súil go mbainfidh an tionscadal críoch airgeadais amach in Q3 2014, faoi réir chomhlánú shásúil dhícheall chuí agus mheasúnú Luach ar Airgead lucht an chistithe.

### Leathnú saoráide Oibreacha Cóireála Fhuíolluisce (WwTW) na Rinne agus Sruth Éalaithe na Farraige Fada

Ar dtús bhí dhá phríomh-chonradh beartaithe ag oibreacha Chomhairle Chathrach Bhaile Átha Cliath (DCC) WwTw (príomh oibreacha cóireála do cheantar Bhaile Átha Cliath) na Rinne a uasghrádú agus a leathnú. Bhí an chéad chonradh ann chun saoráid srutha éalaithe eisiltigh cóireála a chur ar fáil chun pointe díluchtaithe eisiltigh cóireáilte a athlonnú ó Inbhear na Life go pointe 9km san fharrage amuigh i mBá Bhaile Átha Cliath via an Tollán Srutha Éalaithe Farraige Fada nua (LSOT). Bhí an dara conradh ann chun cumas an WwTW riachtanais an phobail atá ag fás a chomhlíonadh. Bhí an dá chonradh sceidealaithe le bheith soláthartha ag baint úsáide as Conradh na nOibreacha Poiblí le haghaidh Oibreacha Innealtóireachta Sibialta deartha ag an gConraitheoir.

Bhí an NDFA ag gníomhú mar chomhairleoir airgeadais do DCC i rith réamhcháilithe aighneachtaí iarrthóra don dá tionscadal a rinneadh i bhFeabhra agus Bealtaine 2013.

Aistríodh freagracht don chinneadh ar fhaomhadh chun leanúint ar aghaidh leis na tionscadail go hUisce Éireann ar an 1 Eanáir 2014. D'fhógair Uisce Éireann i mBealtaine 2014 go raibh scóp an tionscadail á athbhreithniú ach go raibh cinneadh ann gan leanúint ar aghaidh le heilimint an LSOT den scéim.



Léaráid ealaíontóra, Sráid Charlemont



## AN ROINN DLÍ AGUS CIRT AGUS COMHIONANNAIS

### Príosún Chorcaí

Tá comhairle airgeadais curtha ar fáil ag an NDFA do Sheirbhís Príosún na hÉireann ar thionscadal nua beartaithe Phríosún Chorcaí, a chuirfear in ionad na saoráide reatha príosúin ag Bóthar na Rátha Móire, Corcaigh.

Cuireadh tús leis an bpróiseas soláthair i bhFeabhra 2013 agus fuarthas tairiscintí i Meán Fómhair 2013. Roghnaíodh PJ Hegarty & Sons mar fhorthairgeoir agus síníodh an Conradh i Nollaig 2013. Cuireadh tús le tógáil ar an suíomh in Eanáir 2014.

I Márta 2013, ghlac an CEB le hiarratas iasachta a rinne an NDFA ar son Sheirbhís Phríosún na hÉireann le haghaidh €22.7 milliún a úsáidfear i dtreo páirt-mhaoiniú an phríosúin nua.

## AN ROINN COIMIRCE SÓISIALAÍ

### JobPath

In 2012 d'eisigh an Rialtas a ráiteas polasaí "Pathways to Work" ina dtacaítear le plean na Roinne Coimirce Sóisialaí chun seirbhís fostaíochta náisiúnta agus teidlíochta a bhunú. Cuireadh an plean in áit d'fhonn an tiomantas a leagtar amach i gClár an Rialtais chun soláthar tacaíochta ioncaim agus seirbhísí tacaíochta fostaíochta a chomhcheangal do dhaoine dífhostaithe atá ag lorg poist.

Is eilimint thábhachtach den phlean "Pathways to Work" é níos mó dian-tacaíochta a chur ar fáil do dhaoine dífhostaithe go fadtéarmach. Leis na hacmhainní dírithe ar dhaoine dífhostaithe go fadtéarmach a mhéadú agus a chomhlánaú, tá an Roinn Coimirce Sóisialaí ag soláthar socrú dian-seirbhísí gníomhachaithe tacaíochta fostaíochta ó sholáthróirí a bhfuil taithí acu faoi thionscnamh JobPath. I Nollaig 2013 d'eisigh an Roinn iarratas do Thairiscintí don socrú seirbhíse comhlántach seo agus tá an NDFA ag cur comhairle airgeadais ar fáil don Roinn i leith cáiliúcháin tairiscintí ó sholáthróirí seirbhíse poitéinsiúla JobPath.

## OBAIR AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ EILE COMHAIRLEACHA DEN NDFA

### Tacaíocht Riaracháin Conartha CPP (céim iar-tógála): Comhairle airgeadais

Cuireann an NDFA comhairle airgeadais ag céim iar-tógála ar fáil d'uarraitheoirí tionscadail, mar a iarrtar ó am go ham, i leith roinnt tionscadal CPP atá tógtha go hiomlán agus atá ag feidhmiú. Áirítear anseo Na Cúirteanna Breithiúnais Coiriúla, Ionad Comhdhála Bhaile Átha Cliath agus tionscadail na Scoileanna Píolótacha (críochnaithe 2001), agus níor ghlac an NDFA ról soláthair in aon cheanna de na tionscadail sin.

Tá cúnamh tugtha ag an NDFA do Ghníomhaireachtaí Urraíochta le cinntiú go bhfuil na fearais íocaíochta conartha CPP ag feidhmiú go héifeachtúil trí "lámhleabhair" a chruthú ar dtús agus tacaíochta oiliúna agus comhairle a chur ar fáil don Ghníomhaireacht Urraíochta i leith an iarratais phraiticiúil de na fearais íocaíochta conartha. Anuas air sin, déanann an NDFA athbhreithniú ar eolas airgeadais a scaoiltear go Gníomhaireachtaí Urraíochta ó na Comhlachtaí CPP, lena n-áirítear cuntais bhliantúla reachtúla na gcuibhreannas rannóige príobháidí.

Chomh maith leis sin, tugann an NDFA cúnamh le cúrsaí áirithe a mbeadh inchialla airgeadais acu faoi na Comhaontuithe Tionscadail CPP faoi seach do Ghníomhaireacht Stáit. Áiríodh anseo cúrsaí a ndéileofar leo faoin gComhaontú Tionscadail a d'éascair as leachtú scairshealbhóir SPV den Ionad Comhdhála, Baile Átha Cliath agus cúnamh d'Údaráis Stáit i ngníomhartha tagarmharcála costais de sheirbhísí saoráide bainistíochta..

### Seirbhísí Riaracháin Conartha CPP don Roinn Oideachais

Ar iarratas ón Roinn Oideachais agus Scileanna, ghlac an NDFA ceannas ar bhainistíocht chonartha CPP na n-oibriúcháin agus na cothabhála do 15 Scoileanna CPP feidhmiúla i nDeireadh Fómhair 2012. Leathnaíodh an comhaontú i Márta 2014 le haghaidh 12 mhí eile le cead ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tá an NDFA ag bainistiú an chonartha le haghaidh trí thionscadal scoile fheidhmiúla. An Chéad Bheart Scoileanna CPP (4 scoil), An Dara Beart Scoileanna CPP (6 scoil) agus na Scoileanna Píolótacha CPP (5 scoil) ar son na Roinne. Ag obair faoi Chomhaontú Leibhéil Seirbhíse, is éard atá sa tacaíocht monatóireacht na gComhlachtaí CPP cuí i ngníomhaíocht a n-oibleagáidí faoi réir an chonartha CPP.

De ghnáth áirítear sna Seirbhísí Riaracháin Conartha CPP:

- na sonraisc mhíosúla ó chomhlachtaí CPP a sheiceáil agus a fhaomhadh agus measúnú ar asbheirthe/píonóis
- Iniúchtaí tréimhsiúla ar chórais ghnó chomhlachtaí CPP
- athbhreithniú ar chuntais bhliantúla chomhlachtaí CPP
- Teagmháil le foirne bainistíochta scoile agus an Roinn Oideachais agus Scileanna ar ghníomhaíocht na gconarthaí CPP
- comhaontú do chlár chothabhála bhliantúla agus pleananna seachadta seirbhíse (d'fhoillí riachtanais chonartha a chomhlíonadh)

Ba é líon iomlán asbheirthe feidhmíochta seirbhíse a rinneadh in 2013 €187,500.

### Coiste Conarthaí Tógála an Rialtais

Tá ionadaíocht ag an NDFA ar Choiste Conarthaí Tógála an Rialtais (GCCC).

Tar éis iarratais, tá an NDFA ag obair leis an GCCC ar fhorbairt doiciméid treorach le haghaidh breithmheas airgeadais na gconraitheoirí faoi na foirmeacha éagsúla Oibreacha Poiblí den chonradh. Sna céimeanna deiridh d'fhaomhadh leis an gCoiste, táthar ag súil go gcruthóidh an cháipéis an bonn le treoir nua a eiseoidh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i dtaca le breithmheas airgeadais cháipéisí conartha GCCC.

Tá deonacháin tugtha ag an NDFA don Choiste i dtaca le treorú eisiithe ag an GCCC ar an leibhéal bannaithe a socrófar in oibreacha tógála poiblí, glacadh leis na Rialacháin Um Rialú Foirgníochta (Leasú) agus an tionchar aige ar shraith conarthaí na nOibreacha Poiblí chomh maith leis an athbhreithniú ginearálta ar Chonarthaí na nOibreacha Sóisialta a sheol an tAire Caiteachais Poiblí i Nollaig 2013.

### EPEC (Ionad Sármhaitheasa CPP na hEorpa)

Is comh-thionscnamh de chuid an EIB, an Choimisiúin Eorpaigh agus na mBallstát agus na tíortha iarrthóirí den Aontas Eorpach é Ionad Sármhaitheasa CPP na hEorpa (EPEC) a bhfuil mar aidhm acu cumas agus saineolas na riarthóirí poiblí sna Ballstáit a láidriú, agus é mar fhreagracht acu idirbhearta na gComhlachtaí Príobháideacha Poiblí (CPP) a fhorbairt agus a sheachadadh.

Bhí an NDFA mar ionadaí don Aonad Polasaí CPP Éireannach (Ionaithe i sa Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe) ar choistí feidhmiúla éagsúla laistigh den EPEC i rith 2013 agus ghlac siad páirt sa 'Cruinniú do gach Ball' i Samhain 2013.

Chabhraigh an NDFA, trí ghrúpaí oibre agus trí rúnaíocht an EPEC, le páipéir threorach an EPEC ar:

- "Ag bainistiú CPPanna i rith a shaoil chonartha"
- "Críochnú agus Forálacha Force Majeure i gconarthaí CPP" agus
- "Déileáil le Cáin BhreisLuacha i CPPanna"

Chomh maith leis sin, ghlac an NDFA páirt sa 'Fóram don Earnáil Phríobháideach, Earrach 2013', ócáid leathbhliantúil eagraithe ag an EPEC i gcomhpháirtíocht le DG ECFIN ón gCoimisiún Eorpach agus rannpháirtithe tosaigh ón earnáil phríobháideach i margadh CPP na hEorpa.

# Rialachas

## Bord an NDFA

Soláthraíonn Acht an NDFA 2002, leasuithe, Bord ina bhfuil Cathaoirleach agus seachtar gnáthbhall. Is é Príomhfheidhmeannach an NTMA Cathaoirleach ex officio an Bhoird. Is ball den bhord Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an NDFA. Ceaptar gnáthbhall ag an Aire Airgeadais nach dtéann thar dhá théarma de chúig bliana.

Tá ar an mBord a chinntiú go bhfuiltear ag tabhairt faoi fheidhmeanna an NDFA go héifeachtach. Leagtar amach cuspóirí agus spriocanna straitéiseacha atá le baint amach ag an NDFA agus cinntíonn siad go mbaintear amach iad.

Tá na hábhair seo a leanas á gcoimeád d'fhaomhadh an Bhoird:

- a) Údaráis Tharmiligthe Sínithe
- b) Faomhadh Mórchonartháí
- c) Beartais agus Pleananna Corparáideacha
- d) Beartas um Bainistíochta Riosca
- e) An Córas Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais
- f) Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais an NDFA
- g) Rannpháirtíocht i gCoiste Iniúchta an NTMA

Ba iad seo a leanas baill an Bhoird i gcaitheamh na tréimhse an 1 Eanáir 2013 go dtí an 30 Meitheamh 2014:

### John Corrigan

Cathaoirleach (ball ex-officio)  
Príomhfheidhmeannach, Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

### Brian Murphy

Príomhoifigeach Feidhmiúcháin  
Stiúrthóir, Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

### Gerry Murray

Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Institiúidí  
Teicneolaíochta na hÉireann

### Petrina Smyth

Comhpháirtí Cánach, Dlíghnólacht Walkers  
Ireland

### Robert Watt

Ard-Rúnaí na Roinne Caiteachais Phoiblí agus  
Athchóirithe

Amhail an 24 Meitheamh 2014, tá trí fholúntas ar an mBord.

Thionóil an Bord cúig huaire le linn 2013. Leagtar amach thíos freastal na mball

| Ball den Bhord            | Cruinnithe ar Freastalaíodh |
|---------------------------|-----------------------------|
| John Corrigan             | 5                           |
| Brian Murphy <sup>1</sup> | 4                           |
| Gerry Murray              | 5                           |
| Petrina Smyth             | 5                           |
| Robert Watt               | 5                           |

<sup>1</sup> Rinne an tUas. Brian Murphy é féin a dhícháiliú ó fhreastal ar an gcruinniú ar an 31 Eanáir 2013.

## An Coiste Iniúchta

Feidhmíonn Coiste Iniúchta an NDFA mar Choiste Iniúchta an NDFA. Déanann Coiste Iniúchta an NTMA maoirsiú ar chórais iniúchta agus rialaithe inmheánaigh, creat um bainistíocht riosca, próiseas tuairiscithe airgeadais agus ráitis bhliantúla airgeadais an NTMA. Tá rochtain iomlán gan srian ag na hiniúcháirí inmheánacha agus seachtracha, Ceann Rialaithe agus an tOifigeach Comhlíontacháin ar Choiste Iniúchta. Ba iad seo a leanas na baill i gcaitheamh na tréimhe an 1 Eanáir 2013 go dtí an 30 Meitheamh 2014:

- Brendan McDonagh (Cathaoirleach ón 1 Eanáir 2013)
- Gerry Murray (ón 1 Eanáir 2013) – Ball de Bhord an NDFA
- Michael O’Grady – Ball Seachtrach

## Cóid Rialachais Chorporáidigh

Tá an Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit bunaithe ar ghnáthstruchtúr corparáideach ina bhfuil Bord Stiúrthóirí ar a bhfuil freagracht dhlíthiúil as an gcomhlacht, mar aon le foireann bhainistíochta feidhmeannaí agus baill foirne, a thugann faoi na feidhmeanna a leithdháileann an Bord dóibh. Tugann an NDFA faoina bhfeidhmeanna, áfach tríd an NTMA

Chuir Bord an NDFA an Cód i bhfeidhm agus rinne siad é a oiriúnú dá gcuid cúinsí. Tá cód iompar gnó agus beartas taistil i bhfeidhm do bhaill den Bhord. Tá coinne leis go gcinntíonn baill den Bhord go bhfuil a ngníomhaíochtaí go léir rialaithe ag caighdeán a shonraítear sa chód. Ábhar a bhfuil ar an gcomhlacht sin plé leis atá i bhfeidhmiú an Chóid ag an NTMA.

Comhlacht forordaithe is iad an NDFA chun críocha na nAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001. Anuas air sin, is ann do nochtadh ceanglais shonracha leasa faoin Acht um Ghníomhaireacht Airgeadais d’Fhorbairt Náisiúnta.

## Iniúcháirí

I gcomhréir leis na ceanglais reachtúla, déanann an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste iniúchadh ar an NDFA. Úsáideann an NDFA feidhm iniúchta inmheánaigh an NTMA. Cuireann gnóthas seachtrach iniúcháirí leis an obair seo, PricewaterhouseCoopers faoi láthair, a thugann faoi obair iniúchta inmheánaigh.

Tá ar Chathaoirleach agus Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin an NDFA fianaise a thabhairt do Choiste Cuntas Poiblí Dháil Éireann. Cuimsíonn an fhianaise sin rialú agus dílsiú an uile idirbhirt de chuid an NDFA, agus na gcóras, nósanna imeachta agus na gcleachtas a d’úsáid an NDFA. Ba é an uair dheireanach a tugadh fianaise don Choiste an 13 Nollaig 2012.

Ba mhaith leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus leis an mBord a mbuíochas a chur in iúl d’iarrachtaí na foirne uile ag a raibh páirt in oibríochtaí an NDFA.



# Aguisíní

## LIOSTA NA NÚDARÁS STÁIT

Seo a leanas liosta de na hÚdaráis Stáit ar a bhfuil dualgas faoi láthair chun dul i gcomhairle leis an NDFA chun comhairle airgeadais a fháil i dtaca le mórtionscadal infheistíochta poiblí.

### Údaráis Stáit amhail a liostaítear iad sa Sceideal leis an Acht um Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta (Leasú), 2007:

1. Aire Rialtais
2. Údarás Áitiúil
3. Na Coimisinéirí Oibreacha Poiblí in Éirinn
4. An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta
5. Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
6. Ollscoil laistigh den bhrí a luaitear in Acht na nOllscoileanna, 1997, seachas Coláiste na Tríonóide agus Ollscoil Bhaile Átha Cliath
7. Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath
8. Coláiste laistigh den bhrí a luaitear in Alt 2 d'Acht na gColáistí Teicniúla Réigiúnacha, 1992
9. Coiste gairmoideachais laistigh den bhrí a luaitear in Alt 7 den Acht Gairmoideachais, 1930
10. An tSeirbhís Chúirteanna
11. Údarás cuain laistigh den bhrí a luaitear sna hAchtanna Cuanta 1946-1976
12. Bus Átha Cliath
13. Bus Éireann
14. Córas Iompair Éireann
15. An Ghníomhaireacht um Fháil Iarnród
16. An Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach
17. Aon údarás poiblí atá ann atá forordaithe le hordú

# Aguisíní

## RÁITIS AIRGEADAIS

Tugann an NDFA comhairle ar Údaráis Stáit ar sholáthar, seachadadh agus maoiniú tionscadal. Tá na leithdháiltí do na Ranna ábhartha le haghaidh tionscadail CPP le fáil sna leithdháiltí ilbhliantúla sa Bhuiséad.

Ceanglaítear faoi Alt 20 den Acht um Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta, 2002, go gcoinnítear i cibé foirm a cheadóidh an tAire Airgeadais, gach cuntas ceart agus gach gnáthchuntas. Ní mór go n-áireofaí leis na cuntais cuntas ar leith ina bhfuil na táillí agus na costais riaracháin a thabhaigh an NDFA i bhfeidhmeanna. Amhail a mhínítear thuas, áfach, tá an fhoireann a oibríonn ar ábhair an NDFA fostaithe ag an NTMA amháin.

Mar seo a leanas a bhí na costais riaracháin a thabhaigh an NDFA in 2013 agus 2012.

|                        | 2013<br>€     | 2012<br>€     |
|------------------------|---------------|---------------|
| Táillí Boird           | 12,600        | 56,280        |
| Táillí Iniúcháireachta | 7,800         | 5,640         |
|                        | <b>20,400</b> | <b>61,920</b> |

I dteannta na gcostas thuas, ba iad na costais riaracháin a thabhaigh an NTMA i dtabhairt faoi fheidhmeanna an NDFA in 2012 €7,113,551 (2012: €6,099,486). Áirítear na costais seo i gcostais riaracháin an NTMA agus gearrtar iad ar an Lárchiste. Ní iarann an NTMA ar aisíocaíocht na gcostas seo ó Údaráis an Stáit.

# Ráitis Airgeadais na Gníomhaireachta Náisiúnta d'Fhorbairt Airgeadais

Don Bhliain Dar Críoch 31 Nollaig 2013

|                                               |    |
|-----------------------------------------------|----|
| Comhaltaí an Bhoird agus Faisnéis eile        | 34 |
| Ráiteas faoi Fhreagrachtaí na Gníomhaireachta | 35 |
| Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais      | 36 |
| Tuarascáil an Ard-reachtair Cuntas agus Ciste | 38 |
| Beartais Chuntasaíochta                       | 40 |
| Cuntas Ioncaim & Caiteachais                  | 41 |
| Cuntas Riaracháin                             | 42 |
| Clár Comhardaithe                             | 43 |
| Nótaí leis na Ráitis Airgeadais               | 44 |

# Comhaltaí an Bhoird agus Faisnéis Eile

## COMHALTAÍ AN BHOIRD

John C. Corrigan – Cathaoirleach

Brian Murphy – An Príomhfheidhmeannach

Gerry Murray

Petrina Smyth

Robert Watt

## INIÚCHÓIRÍ

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

Caisleán Bhaile Átha Cliath

Baile Átha Cliath 2

## BAINCÉIRÍ

Bainc-Aontas Éireann cpt

1 Sráid Bhagóid Íochtarach

Baile Átha Cliath 2



# Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Gníomhaireachta


Ceanglaítear ar an nGníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta ("an Gníomhaireacht") de bhun an Achta um Gníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta, 2002 ráitis airgeadais a ullmhú faoina hoibríochtaí do gach bliain airgeadais.

Is éard a dhéanann an Gníomhaireacht agus í ag ullmhú na ráiteas:

- beartais chuntasaíochta chuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh ach amháin sa chás go bhfuil sé míchuí é sin a dhéanamh;
- aon imeacht ábhartha ó Chaighdeán Chuntasaíochta infheidhmithe a nochtadh agus a mhíniú.

Tá Bord na Gníomhaireachta freagrach as a choimeád, i cibé foirm a cheadóidh an tAire Airgeadais, gach cuntas is cuí agus is gnách ar an airgead go léir a fhaigheann sí nó a chaitheann sí agus ar gach idirbheart airgeadais agus eile a ghlacann sí de láimh i gcomhlíonadh a fheidhmeanna. Tá an Gníomhaireacht freagrach as taifid chuntasaíochta a choinneáil a nochtann le cruinneas réasúnta ag am ar bith staid airgeadais na Gníomhaireachta.


Tá Bord na Gníomhaireachta freagrach freisin as sócmhainní atá faoina smacht a chosaint agus dá bhrí sin as céimeanna réasúnta a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a bhrath.



**John C. Corrigan**

Cathaoirleach

An Gníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta



**Brian Murphy**

Príomhfheidhmeannach

An Gníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta

24 Meitheamh 2014

# Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

## FREAGRACHT AS AN GCÓRAS UM RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS

Aithníonn an Bord a fhreagracht as a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a choimeád agus a fheidhmiú.

Ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnta, nach dearbhú absalóideach é, a thabhairt go ndéantar sócmhainní a chosaint, idirbhearta a údarú agus a thaifeadh i gceart, agus go ndéantar earráidí nó mírialtachtaí ábhartha a chosc nó go dtabharfar faoi deara iad go tráthúil.

## PRÍOMHNÓSANNA IMEACHTA MAIDIR LE RIALÚ

De réir alt 11 den Acht um Gníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta, 2002, déanann an Gníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta ("an Gníomhaireacht") a fheidhmeanna a chomhlíonadh trí Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta ("an GBCN").

Ghlac an Bord i gcomhar leis an GBCN le céimeanna chun timpeallacht rialaithe chuí a chinntiú don Gníomhaireacht trí:

- freagrachtaí an lucht bainistíochta a shonrú go soiléir;
- nósanna imeachta foirmiúla a cheapadh maidir le gnó na Gníomhaireachta a dhéanamh;
- cód lompair na Gníomhaireachta a cheapadh chun Coimhlintí Leasa a Bhainistiú;
- nósanna imeachta foirmiúla a bhunú chun laigí suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomh ceartúcháin cuí a chinntiú.

Tá próisis bunaithe ag an nGníomhaireacht chun rioscaí gnó a aithint agus a mheas trí:

- nádúr, méid agus impleacht airgeadais na rioscaí atá os comhair na heagraíochta a aithint;
- measúnú a dhéanamh ar an dóúlacht go dtarlódh na rioscaí aitheanta;
- measúnú a dhéanamh ar chumas na heagraíochta chun na rioscaí a tharlaíonn a bhainistiú agus a mhaolú;
- measúnú a dhéanamh ar na costais a bhaineann le rialuithe áirithe a fheidhmiú i gcomparáid leis an tairbhe a bhaineann leo.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar chreat lena gcuimsítear faisnéis rialta don lucht bainistíochta, nósanna imeachta riaracháin, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligthe agus cuntasachta. Áirítear leo go háirithe:


- córas cuimsitheach buiséadaithe do chostais riaracháin na Gníomhaireachta (seachas costais Bhord na Gníomhaireachta) a n-íocann an GBCN astu;
- spriocanna a leagadh síos chun an fheidhmíocht airgeadais agus eile a thomhas;
- disciplíní foirmiúla um bainistíocht tionscadail;
- nósanna imeachta maidir le soláthar atá sainithe go soiléir.

Tá feidhm iniúchta inmheánaigh ag an GBCN a fheidhmíonn de réir an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit. Cuireann an anailís ar na rioscaí a bhfuil an Gníomhaireacht nochta dóibh bonn eolais ar fáil d'obair an iniúchta inmheánaigh agus bunaítear pleananna iniúchta inmheánaigh bliantúla ar an anailís sin. Is iad PricewaterhouseCoopers an tIniúcháir Inmheánach faoi láthair agus soláthraíonn siad tuarascáil faoin ngníomhaíocht iniúchta inmheánaigh do Choiste Iniúcháireachta an GBCN agus don Gníomhaireacht uair amháin sa bhliain ar a laghad. Sa tuarascáil sin, tugann an tIniúcháir Inmheánach a thuairim faoi leordhóthanacht agus éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais.


Bíonn monatóireacht agus athbhreithniú an GBCN ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar obair an iniúcháir inmheánaigh, na bainisteoirí feidhmiúcháin laistigh den GBCN a bhfuil freagracht orthu as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe airgeadais, agus ar nótaí tráchta a dhéanann an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste ina litir bhainistíochta nó i dtuarascálacha eile. Lena chois sin suíonn comhalta de Bhord na Gníomhaireachta ar Choiste Iniúcháireachta an GBCN chun ionadaíocht a dhéanamh ar leasanna Bhord na Gníomhaireachta. Féachann comhalta an Boird chuige go bhfuil Bord na Gníomhaireachta ar an eolas faoi cibé nithe atá ábhartha ó thaobh na Gníomhaireachta de. Feidhmíonn Coiste Iniúcháireachta an GBCN i gcomhréir leis na príonsabail atá leagtha amach sa Chód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit. Áirítear ar a chuid freagrachtaí maoirsiú a dhéanamh ar an bpróiseas tuairiscithe airgeadais, athbhreithniú a dhéanamh ar an gcóras um rialú inmheánach agus athbhreithniú a dhéanamh ar na próisis iniúchta idir inmheánach agus sheachtrach.

## ATHBHREITHNIÚ BLIANTÚIL AR RIALUITHE

Dearbhaímid, sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2013, go ndearna Bord na Gníomhaireachta, tar éis dóibh comhairle a ghlacadh ó Choiste Iniúcháireachta an GBCN, athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais inmheánaigh um rialú airgeadais.



**John C. Corrigan**  
Cathaoirleach  
An Gníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta



**Brian Murphy**  
Príomhfheidhmeannach  
An Gníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta

24 Meitheamh 2014

# An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

### AN GHNÍOMHAIREACHT NÁISIÚNTA FORBARTHA AIRGEADAIS

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais na Gníomhaireachta Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2013 faoin Acht um Gníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta, 2002. Áirítear sna ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na bearta chuntasaíochta a leagtar amach iontu, na bearta chuntasaíochta, an cuntas ioncaim agus caiteachais, an cuntas riaracháin, an clár comhardaithe agus nótaí bainteacha. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais san fhoirm a forordaíodh faoi alt 20 den Acht agus i gcomhréir le cleachtas cuntasaíochta lena bhfuil glacadh ginearálta in Éirinn.

### AN RÁITEAS AR FHREAGRACHTAÍ BHORD NA GNÍOMHAIREACHTA

Tá Bord na Gníomhaireachta freagrach as ullmhú na ráiteas airgeadais, lena chinntiú go dtugtar léiriú fíor agus cóir ar staid ghnóthaí na Gníomhaireachta agus ar a n-ioncam agus caiteachas, agus le rialtacht idirbheartaíochtaí a chinntiú.

### FREAGRACHTAÍ AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE

Táimse freagrach as iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus tuairisciú a dhéanamh orthu de réir an dlí infheidhme.

Tugaimse faoi m'iniúchadh trí thagairt a dhéanamh do na breithniúcháin speisialta lena mbaineann comhlachtaí Stáit i ndáil lena mbainistiú agus lena n-oibriú.

Tugaimse faoi m'iniúchadh de réir na gCaighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (an RA agus Éire) mar aon le Caighdeáin Eitice an Bhoird Chleachtas Iniúcháireachta d'Iniúcháirí a chomhlíonadh.

### SCÓIP INIÚCHADH NA RÁITEAS AIRGEADAIS

Is éard a bhaineann le hiniúchadh, fianaise a fháil faoi shuimeanna agus nochtadh sna ráitis airgeadais, ar leor iad lena chinntiú go réasúnta nach ann d'aon mhíráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais, bíodh calaois nó earráid is cúis leis. Áirítear leis seo measúnú ar an méid a leanas:

- cibé acu an cuí nach cuí do na bearta chuntasaíochta do chúinsí na Gníomhaireachta, agus cibé acu ar cuireadh nó nár cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad agus cibé acu ar nochtáíodh nó nár nochtáíodh iad go cuí
- réasúntacht na mórmheastachán cuntasaíochta a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus
- cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais.

Ina theannta sin, tugaim faoi fhianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais i gcúrsa an iniúchta.

Sa mhullach air sin, déanaim an fhaisnéis uile airgeadais agus neamhairgeadais a léamh sa tuarascáil bhliantúil le haon mhíreireachtaí ábhartha leis na ráitis airgeadais ar a ndearnadh iniúchadh a shainithint. Déanaimid breithniú ar na himpleachtaí dár dtuarascáil má thugaimid faoi deara aon mhíráiteas nó aon neamh-chomhsheasmhacht ábhartha.



## TUAIRIM FAOI NA RÁITIS AIRGEADAIS

I mo thuairim, tugtar seasamh fíor agus cóir ar staid ghnóthaí na Gníomhaireachta amhail an 31 Nollaig 2013 agus ar a gcuid ioncaim agus caiteachais le haghaidh na bliana a chríochnaigh um an dtaca sin sna ráitis airgeadais, a ullmháodh i gceart de réir an chleachtais chuntasaíochta lena bhfuil glacadh ginearálta in Éirinn.


Is í mo thuairim gur choimeád an Gníomhaireacht leabhair chuí chuntasaíochta. Tá na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na leabhair chuntais.

## ÁBHAIR AR A DTUAIRISCÍM TRÍ EISCEACT

Déanaim tuairisciú trí eisceacht sna cásanna a leanas:

- Mura bhfuair mé an uile fhaisnéis agus mhíniúchán a theastaigh uaim chun míniúchadh a dhéanamh, nó
- thug mé aon chás ábhartha faoi deara i míniúchadh nár caitheadh airgead chun a gcríoch beartaithe nó sa chás nach raibh na hidirbheartaíochtaí i gcomhréir leis na húdaráis a bhí á rialú, nó
- níl an fhaisnéis a thugtar i dtuarascáil bhliantúil na Gníomhaireachta comhsheasmhach leis na ráitis airgeadais ghaolmhara, nó
- ní léiríonn an Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais comhlíonadh na Gníomhaireachta an Chóid Iompair le haghaidh Rialachas Comhlachtaí Stáit, nó
- tugaim faoi deara gurb ann d'ábhair eile lena mbaineann an bealach a tugadh faoi ghnó poiblí.

Níl aon rud le tuairisciú agam i ndáil leis na hábhair sin a dhéantar a thuairisciú trí eisceacht.



Seamus McCarthy

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

27 Meitheamh 2014

# Beartais Chuntasaíochta

## CÚLRA

Bunaíodh an Gníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta ("an Gníomhaireacht") le hordú ón Aire Airgeadais ar 1 Eanáir 2003 faoin Acht um Gníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta, 2002.

Is iad seo a leanas na beartais shuntasacha chuntasaíochta ar glacadh leo maidir leis an nGníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta:

## BUNÚS AN ULLMHÚCHÁIN

Tá na ráitis airgeadais ullmhaithe de réir fhorálacha an Achta um Gníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta, 2002, i bhformáid atá faofa ag an Aire Airgeadais.

Tá achoimre sna ráitis airgeadais ar idirbhearta agus staid airgeadais na Gníomhaireachta Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta.

## TRÉIMHSE TUAIRISCITHE

Is í an tréimhse tuairiscithe ná an bhliain dar críoch 31 Nollaig 2013.

## AIRGEADRA TUAIRISCITHE

Is é an euro an t-airgeadra tuairiscithe, a chuirtear in iúl leis an tsiombail €.

## AITHINT IONCAIM

Déantar ioncam a chur chun cuntais ar bhonn fabhráithe.

## COSTAIS

Déantar costais a chur chun cuntais ar bhonn fabhráithe.

Faoin Acht um Gníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt, 2002, ní dhéantar ach costais dhíreacha a thabhaíonn an Gníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta a chun chun dochair an Chuntais Ioncaim agus Caiteachais. Tabhaíonn Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta gach costas riaracháin eile agus is i bhfoirm nóta amháin a nochtar iad.


Déantar táillí agus costais a tabhaíodh i leith feidhmeanna maoinithe agus comhairleacha na Gníomhaireachta a chur chun dochair an chuntais Ioncaim agus Caiteachais, agus déanann an tÚdarás Stáit ábhartha iad a aisíoc.

# Cuntas Ioncaim agus Caiteachais


## don bhliain dar críoch 31 Nollaig

|                                     | Nótaí | 2013<br>€     | 2012<br>€     |
|-------------------------------------|-------|---------------|---------------|
| Ioncam                              | 1     | 5,720,150     | 1,692,354     |
| Táillí agus costais tionscadal      | 2     | (5,699,750)   | (1,630,434)   |
| Aistriú chuig an gCuntas Riaracháin | 3     | (20,400)      | (61,920)      |
| Glanioncam don bhliain              |       | <b>Nialas</b> | <b>Nialas</b> |

Tá na beartais chuntasaíochta agus na nótaí 1 go dtí 12 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.



**John C. Corrigan**  
Cathaoirleach  
An Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta



**Brian Murphy**  
Príomhfheidhmeannach  
An Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta


24 Meitheamh 2014

# Cuntas Riaracháin


## don bhliain dar críoch 31 Nollaig

|                                             | Nótaí | 2013<br>€     | 2012<br>€     |
|---------------------------------------------|-------|---------------|---------------|
| Aistriú ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais | 3     | 20,400        | 61,920        |
| Costais Riaracháin na Gníomhaireachta       | 4     | (20,400)      | (61,920)      |
| Glanioncam\caiteachas)                      |       | <b>Nialas</b> | <b>Nialas</b> |

Tá na beartais chuntasaíochta agus na nótaí 1 go dtí 12 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.



**John C. Corrigan**  
Cathaoirleach  
An Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta



**Brian Murphy**  
Príomhfheidhmeannach  
An Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta


24 Meitheamh 2014

# Clár Comhardaithe


## 31 Nollaig

|                                            | Nótaí | 2013<br>€        | 2012<br>€        |
|--------------------------------------------|-------|------------------|------------------|
| <b>Sócmhainní</b>                          |       |                  |                  |
| Airgead Tirim sa Bhanc                     |       | 349,855          | 158,640          |
| Féichiúnaithe                              | 5     | 1,407,015        | 1,211,514        |
|                                            |       | <b>1,756,870</b> | <b>1,370,154</b> |
| <b>Dliteanais</b>                          |       |                  |                  |
| Creidiúnaithe                              | 6     | 1,756,870        | 1,370,154        |
| <b>Sócmhainní iomlána lúide Dliteanais</b> |       | <b>Nialas</b>    | <b>Nialas</b>    |
| <b>A Léiríonn</b>                          |       |                  |                  |
| Cúlchistí Carntha                          |       | <b>Nialas</b>    | <b>Nialas</b>    |

Tá na beartais chuntasaíochta agus na nótaí 1 go dtí 12 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.



**John C. Corrigan**  
Cathaoirleach  
An Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta



**Brian Murphy**  
Príomhfheidhmeannach  
An Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta

24 Meitheamh 2014



# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

## 1. Ioncam

|                                                          | 2013<br>€        | 2012<br>€        |
|----------------------------------------------------------|------------------|------------------|
| Aisiocaíocht ó Údaráis Stáit i leith costas comhairleach | 5,699,750        | 1,630,434        |
| An Príomh-Chiste (Nóta 7 (a))                            | 20,400           | 61,920           |
|                                                          | <b>5,720,150</b> | <b>1,692,354</b> |

## 2. Táillí agus costais tionscadal

Faoin Acht um an Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta (Leasú) 2007, déantar táillí agus caiteachais a thabhaíonn an Ghníomhaireacht i gcomhlíonadh a fheidhmeanna maoinithe agus comhairleacha i ndáil le tionscadail infheistíochta phoiblí ar leith a chur de mhuirear ar an gcuntas caiteachais.

|                          | 2013<br>€        | 2012<br>€        |
|--------------------------|------------------|------------------|
| Táillí comhairleachta    | 5,028,473        | 1,224,708        |
| Táillí dlí               | 581,497          | 399,782          |
| Chostais tionscadal eile | 89,780           | 5,944            |
|                          | <b>5,699,750</b> | <b>1,630,434</b> |

Is é seo a leanas miondealú a rinneadh ar na táillí comhairleacha a tabhaíodh in 2013 arb ionann iad agus €5,028,473 (2012: €1,224,708):

|                                          | €                | €                |
|------------------------------------------|------------------|------------------|
| Comhairle theicniúil                     | 4,764,281        | 1,148,714        |
| Comhairle airgeadais                     | 239,818          | 71,807           |
| Eile                                     | 24,374           | 4,187            |
| <b>Iomlán na dtáillí comhairliúcháin</b> | <b>5,028,473</b> | <b>1,224,708</b> |

Airítear mar chomhairle teicniúil costais ailtirí, innealtóirí, suirbhéirí cainníochta, comhairleoirí pleanála agus comhairleoirí teicniúla eile a bhaineann leis an gComhpháirtíocht Phríobháideach Phoiblí "CPP" agus le Cláir Scoileanna Cineachta. Airítear leo freisin costais a bhaineann le suirbhéanna topagrafacha, iniúchtaí talún, suirbhéanna seandálaíochta agus nithe gaolmhara.

Tháinig méadú ar chostais i rith na bliana seo chaite mar gheall ar an méadú suntasach atá tagtha ar ghníomhaíocht gnó na Ghníomhaireachta ó thaobh tacú le cur i bhfeidhm na dTionscadal CPP faoi phacáiste spreagtha an Rialtais agus faoi Cláir na Scoileanna Cineachta (nach tionscadail CPP iad). Déanann gach ceann de na Ranna Urraíochta ábhartha na costais sin a aisíoc. Is í Feidhmeannacht na Seirbhísí Sláinte a íocann go díreach as na costais theicniúla a tabhaítear de bharr tionscadal Sláinte CPP.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

*Ar lean*

## 2. Táillí agus costais Tionscadal (ar lean)

Tá tuilleadh eolais maidir le dáileadh na gcostas teicniúil a tabhaíodh in 2013 leagtha amach thíos:

|                                                          | 2013<br>€        |
|----------------------------------------------------------|------------------|
| CPP Ghráinseach Ghormáin                                 | 2,375,543        |
| Scoileanna Cineachta (nach cuid de thionscadail CPP iad) | 1,276,149        |
| Scoileanna CPP (Grúpaí 3, 4 agus 5)                      | 950,071          |
| CPPanna Ceartais                                         | 162,518          |
|                                                          | <b>4,764,281</b> |

## 3. Aistriú ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais chuig an gCuntas Riaracháin

Ba é €20,400 an méid ba ghá chun costais riaracháin áirithe de chuid na Gníomhaireachta a chlúdach (€61,920 in 2012).

### 4. a) Costais Riaracháin

Tugtar mionsonraí ar speansais Riaracháin na Gníomhaireachta thíos ar bhonn fabhráithe:

|                               | 2013<br>€     | 2012<br>€     |
|-------------------------------|---------------|---------------|
| Táillí an Bhoird (Nóta 4 (b)) | 12,600        | 56,280        |
| Táillí Iniúcháireachta        | 7,800         | 5,640         |
|                               | <b>20,400</b> | <b>61,920</b> |

Chomh maith leis na costais thuas, thabhaigh Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta costais riaracháin seo a leanas agus í ag cur i gcrích a cuid feidhmeanna €7,113,551 (2012: €6,099,486). Tá costais sin an GBCN, lena n-áirítear luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh dá dtagraítear thíos, san áireamh i gcostais riaracháin Gníomhaireacht Bhainistíochta an Chisteáin Náisiúnta agus cuirtear chun dochair an Phríomh-Chiste iad. Ní éilíonn an GBCN aisíocaíocht na gcostas sin ó Údarás Stáit.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

## Ar lean

### 4. a) Costais Riaracháin (ar lean)

Ba é €12,833,701 costas iomlán oibríochtaí na Gníomhaireachta i rith na bliana (2012: €7,791,840) agus maoiníodh iad mar seo a leanas:

|                                                                                               | 2013<br>€         | 2012<br>€        |
|-----------------------------------------------------------------------------------------------|-------------------|------------------|
| Táillí agus costais tionscadal (Nóta 2)                                                       | 5,699,750         | 1,630,434        |
| Costas riaracháin na Gníomhaireachta                                                          | 20,400            | 61,920           |
| Cuirtear táillí riaracháin agus costais a thabhaíonn an GBCN de mhuipear ar an bPríomh-Chiste | 7,113,551         | 6,099,486        |
|                                                                                               | <b>12,833,701</b> | <b>7,791,840</b> |

Is é seo a leanas miondealú ar tháillí riaracháin agus costais ar íoc an GBCN astu agus a chuireadh de mhuipear ar an bPríomh-Chiste don bhliain 2013:

|                                                                       | €                | €                |
|-----------------------------------------------------------------------|------------------|------------------|
| Costais Fostaíochta (lena n-áirítear sciar d'fheidhmeanna tacaíochta) | 5,307,782        | 4,696,076        |
| Táillí Gairmiúla                                                      | 215,211          | 153,587          |
| Costais Oibríocháin (lena n-áirítear Forchostais)                     | 1,590,558        | 1,249,823        |
|                                                                       | <b>7,113,551</b> | <b>6,099,486</b> |

Tá na heilimintí seo a leanas san áireamh san anailís costais thuas:

- costais dhíreacha a thabhaigh fhoireann an GBCN a sannadh don Ghníomhaireacht,
- forchostais indíreacha a leithdháileadh ar fheidhm na Gníomhaireachta, agus
- an sciar iomchuí de chostais a bhain le feidhmeanna seirbhíse comhroinnte an GBCN ag soláthar seirbhísí don Ghníomhaireacht (m.sh. seirbhísí Dlí, Airgeadas, Teicneolaíocht, Riosca, Comhlíonadh, Rialú, Acmhainní Daonna, Áiseanna srl).

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

*Ar lean*

## 4. b) Luach Saothair agus Speansais

Tá luach saothair chomhaltaí an Bhoird ceaptha ag an Aire Airgeadais ar ráta €12,600 in aghaidh na bliana do gach comhalta Boird.

San áireamh i luach Saothair Chomhaltaí an Bhoird atá leagtha amach thuas tá an laghdú 10% ar tháillí ar aontaigh Bord leis ar iarratas ón Aire Airgeadais in 2009.

Níor íocadh aon speansais a bhain le comhalta Boird in 2013.

Ní fhaigheann an Príomhfheidhmeannach ná an Cathaoirleach aon luach saothair de bharr a bheith ina gcomhaltaí den Bhord. Ceapadh Robert Watt, ina cháil mar státseirbhíseach, agus ní bhfuair sé aon luach saothair de bharr a bheith ina chomhalta. Tharscaoil Gerry Murray a tháillí mar chomhalta den Bhord don bhliain 2013.

### Luach Saothair an Phríomhfheidhmeannaigh 2013:

|                     |          |
|---------------------|----------|
| Tuarastal:          | €290,312 |
| Sochair incháinithe | €22,692  |

Níl aon teidlíochtaí pinsin ag an bPríomhfheidhmeannach seachas na teidlíochtaí caighdeánacha a bhaineann le scéim sochair shainithe aoisliúntais atá i samhail na hearnála poiblí.

Is í an Ghníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais a shocraíonn luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh tar éis dóibh dul i gcomhairle le Coiste Comhairleach na Gníomhaireachta.

Tá luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh comhdhéanta de thuarastal bunúsach, sochair incháinithe (carr agus árachas sláinte) agus íocaíocht a bhaineann le feidhmíocht suas le 60% den tuarastal bliantúil. Tharscaoil an Príomhfheidhmeannach aon chomhaoin i leith pá de réir feidhmíochta don bhliain 2013.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

## Ar lean

### 5. Féichiúnaithe

|                                                         | 2013<br>€        | 2012<br>€        |
|---------------------------------------------------------|------------------|------------------|
| Infhála ó Údaráis Stáit                                 | 1,369,942        | 1,188,320        |
| Infhála ón bPríomh-Chiste (ní bhaineann le tionscadail) | 37,073           | 23,194           |
|                                                         | <b>1,407,015</b> | <b>1,211,514</b> |

### 6. Creidiúnaithe

|                                                                      | 2013<br>€        | 2012<br>€        |
|----------------------------------------------------------------------|------------------|------------------|
| Méideanna dlite don Chiste Lárnach (agus a bhaineann le tionscadail) | 1,078,416        | 544,045          |
| Táillí comhairleachta agus dlí iníoctha                              | 439,590          | 734,465          |
| Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla iníoctha              | 223,912          | 78,113           |
| CBL iníoctha                                                         | -                | 2,162            |
| Cánacha Párolla iníoctha                                             | 1,512            | 5,729            |
| Costais Fhabhraithe                                                  | 13,440           | 5,640            |
|                                                                      | <b>1,756,870</b> | <b>1,370,154</b> |



# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

*Ar lean*

## 7. An Príomh-Chiste

- (a) Is ón bPríomh-Chiste a íostharraingítear Costais riaracháin na Gníomhaireachta. Tá na ráitis airgeadais ullmhaithe ar bhonn fabhráithe. Is mar seo a leanas a réitítear an Príomh-Chiste le hairgead tirim a íostharraingítear le haghaidh costas:

|                                                             | 2013<br>€ | 2012<br>€ |
|-------------------------------------------------------------|-----------|-----------|
| Suimeanna íostharraingthe ón bPríomh-Chiste                 | 6,521     | 38,588    |
| Cistí a aistríodh ó Nóta 7 (b) thíos                        | -         | 19,595    |
| Méadú / (laghdú) i bhféichiúnaí an Phríomh-Chiste           | 13,879    | 3,737     |
| Costais Riaracháin (nach mbaineann le tionscadail) (Nóta 4) | 20,400    | 61,920    |

- (b) Méideanna a tugadh ón bPríomh-Chiste chun íoc as táillí comhairleacha seachtracha agus as caiteachais a thabhaigh an Gníomhaireacht i gcomhlíonadh a feidhmeanna maoinithe agus comhairleacha i ndáil le maoiniú tionscadal infheistíochta poiblí ar leith. Déantar na táillí agus na costais sin a athéileamh ó Údaráis Stáit agus aisíoctar leis an Státchiste ansin na méideanna a chuirtear ar fáil. Is mar seo a leanas a mhínítear an ghluaiseacht sna méideanna a cuireadh ar fáil don Gníomhaireacht i rith na bliana:

|                                                                                      | 2013<br>€   | 2012<br>€ |
|--------------------------------------------------------------------------------------|-------------|-----------|
| Dlíte don Phríomh-Chiste ag tús na bliana                                            | 544,045     | 149,256   |
| Curtha ar fáil le linn na bliana                                                     | 5,034,371   | 1,369,424 |
| Aisíoctha le linn na bliana                                                          | (4,500,000) | (955,040) |
| Cistí a úsáidtear chun costais a tabhaíodh i Nóta 7 (a) thuas a fhritháireamh        | -           | (19,595)  |
| Dlíte don Phríomh-Chiste (a bhaineann le tionscadail) ag deireadh na bliana (Nóta 6) | 1,078,416   | 544,045   |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

## Ar lean

### 8. Dliteanais theagmhasacha

Ní raibh aon dliteanais theagmhasacha ag an nGníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta ar an 31 Nollaig 2013.

### 9. Páirtithe gaolmhara

#### An tAire Airgeadais

Maidir le gnáth-chomhaltaí Bhord na Gníomhaireachta Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta, mar atá leagtha amach ar leathanach 3 ceapadh, ba é an tAire Airgeadais a cheap iad faoi alt 12 den Acht um Gníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta, 2002.

Faoi alt 7 den Acht um Gníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta, 2002 féadfaidh an tAire a ráthú go n-aisíocfar iasachtaí na Gníomhaireachta nó d'aon chuideachta sainchuspóra a cheapann an Gníomhaireacht i gcomhlíonadh a cuid gníomhaíochtaí. Níor tugadh aon ráthaíocht den sórt sin i rith na bliana.

#### Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

De réir alt 11 den Acht um Gníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta, 2002 is trí Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta a chuireann an Gníomhaireacht a feidhmeanna i gcrích.

### 10. Imeachtaí i ndiaidh dháta an chláir comhardaithe

I mí Bealtaine 2014 d'fhoilsigh an Rialtas an Bille um Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú). Nuair a achtófar an Bille, déanfar simpliú agus cuíchóiriú ar struchtúir rialachais an GBCN chun go mbeifear in ann cur chuige níos comhtháite a ghlacadh maidir le comhlíonadh a fheidhmeanna. Déanfar an GBCN a atheagrú mar chomhlacht a mbeidh Cathaoirleach agus ochtar comhaltaí eile air agus a mbeidh freagracht uileghabhálach acu maidir le feidhmeanna uile an GBCN (ach gan GNBS a chur san áireamh. Beidh a bhord ar leith aigesin i gcónaí). Déanfar Bord na Gníomhaireachta, Coiste Comhairleach an GBCN, Choimisiúin an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean (NPRF) agus an Gníomhaireacht um Bheartas um Éilimh ar an Stát go léir a chur ar ceal. Tá foráil sa Bhille chomh maith go n-aistreofar feidhmeanna na Gníomhaireachta chuig an GBCN. Toisc go leanfar ar aghaidh leis na feidhmeanna agus na gníomhaíochtaí atá ar siúl ag an nGníomhaireacht faoi na socruithe nua, leanfar ar aghaidh ag ullmhú na ráiteas airgeadais ar bhonn gnóthais leantaigh agus ní meastar go dtiocfaidh aon athrú ar luach anonn aon sócmhainní nó dliteanas de chuid na Gníomhaireachta.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

*Ar lean*

## 11. Comhaltaí an Bhoird - Coinbhleacht Leasa

I gcásanna ina ndearbhaítear go bhfuil coinbhleacht leasa ag comhalta nó comhaltaí Boird, ní thabharfar doiciméid an Bhoird faoi na hidirbhearta molta don chomhalta nó do na comhaltaí sin, agus ní glacfaidh an comhalta nó na comhaltaí sin páirt i ndíospóireachtaí an Bhoird maidir leis na cúrsaí sin agus ní bheidh sé, sí nó siad i láthair dóibh. Déantar gach cás den sórt sin a thaifeadadh i Miontuairiscí an Bhoird. Níor tharla aon ócáid in 2013 inar ghabh comhaltaí a leithscéal maidir le gan dul go Cruinnithe Boird de bharr coinbhleachta leasa.

## 12. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomh an Bord na ráitis airgeadais ar 29 Bealtaine 2014.

## Nótaí





An Gníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta

An Gníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta,  
Árasan Chisteáin,  
Sráid na Canála Móire,  
Baile Átha Cliath 2  
Éire

Teil: 353 1 283 4000  
Ríomhphost: [info@ndfa.ie](mailto:info@ndfa.ie)  
Suíomh Gréasáin: [www.ndfa.ie](http://www.ndfa.ie)